

TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL
CHOMHAIRLE CONTAE
FHINE GALL
2015





CLÁR ÁBHAIR

Brollach – Focal ón Méara	3
Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannch	4
Ballraíocht Chomhairle Contae Fhine Gall	6
Príomhnithe a Baineadh Amach in 2015	8
Ballraíocht & Gníomhaíochtaí na gCoistí um Beartas Straitéiseach	10
Ballraíocht & Gníomhaíochtaí an Chomhchoiste Póilíneachta	12
Gradaim Chorpáraideacha 2015	13
Ailtirí	15
Pobal, Cultúr & Spóirt	18
Gnóthaí Corparáideacha & Rialachas	21
Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair & Turasóireachta	23
An Comhshaol agus Seirbhísí Uisce	27
Airgeadas	30
Tithíocht	32
Acmhainní Daonna	34
Teicneolaíocht Faisnéise	35
Dlí	36
Leabharlanna	37
Oibríochtaí	40
Pleanáil & Bonneagar Straitéiseach	45
Aguisín I - Sonraí Bhaill na Comhairle	50
Aguisín II - Ballraíocht na gComhairleoirí ar Choistí i gComhairle Contae Fhine Gall	53
Aguisín III - Ballraíocht na gComhairleoirí le hEagraíochtaí Eile	54
Aguisín IV - Cruinnithe a reáchtáladh in 2015	56
Aguisín V - An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999	56
Aguisín VI - Íocaíochtaí le Comhairleoirí in 2015	58
Aguisín VII - Comhdhála/Seimineáir/Oiliúint ar fhreastail Comhairleoirí orthu in 2015	59
Aguisín VIII - Táscairí Feidhmíochta	61
Aguisín IX - Tuarascáil Bhliantúil faoi Alt 22 den Bhille um Nochtadh Cosanta 2014	67
Aguisín X - Iarratais Saorála Faisnéise/Gearáin ó Chustaiméirí/Fiosruithe ón Ombudsman	67



FOCAL ÓN MÉARA, AN COMH. DAVID O'CONNOR



Tugann an Tuarascáil Bhliantúil an deis dúinn súil siar a chaitheamh ar na nithe a bhaint Comhairle Contae Fhine Gall amach in 2015. Ba mhór an onóir dom é a bheith i m'óifig mar Mhéara, agus ionadaíocht a dhéanamh ar son Fhine Gall, ag feidhmiú mar an chéad saoránach.

Le linn mo théarma oifige ba mhór agam é go bhfuair mé an deis freastal ar a lán imeachtaí suntasacha don Chontae. An 1 Iúil chuir mé fáilte roimh an Aire Paschal Donohoe ag ócáid i gCaisleán Shoird chun Straitéis Turasoireachta Fhine Gall "Destination Fingal" a sheoladh – straitéis ina leagtar amach an fhís don turasoireacht sa Chontae agus ina leagtar amach na gníomhartha is gá chun an earnáil a fhorbairt. Tá geallta ag Comhairle Contae Fhine Gall breis is €18m a infheistiú sna saoráidí turasoireachta reatha mar chuid den straitéis. In 2015, thosaigh an obair ar Chomóradh 2016 agus ba chúis mhór áthais dom é i mí Mheán Fómhair 2015 an tSraith Léachtaí faoin gComóradh Céad Bliain 2016 a sheoladh. Is i gcomhthéacs "Revolution in Context" a suíodh Clár Comórtha Céad Bliain 2016 Fhine Gall agus rinneadh iniúchadh go háirithe ar an ról ar leith a bhí ag mná agus fir Fhine Gall sa troid ar son na Saoirse. D'fhreastail mé freisin ar Laethanta Earraí Cuimhneacháin mar ar chuir an pobal litreacha, boinn agus grianghraif ar taispeáint a d'inis scéal a dteaghlaigh féin agus an bhaint a bhí acusan le hÉirí Amach na Cásca 2916 agus na himeachtaí a tharla amach sna blianta i ndiaidh 1923.

Sheol mé Seachtain Fiontair Fhine Gall i mí Dheireadh Fómhair agus d'fhreastail mé ar roinnt imeachtaí arna bhforbairt ag Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall le linn na seachtaine. Ócáid shuntasach a bhí ann nuair a bronnadh an Brat Corcra ar Shord agus ba mhór agam é glacadh leis an mBrat Corcra mar aitheantas ar an meascán de shiamsaíocht atá ar fáil i Sord fad is a chuirtear chun cinn sábháilteacht agus folláine na gcúairteoirí agus na n-áitritheoirí.

Tá a lán imeachtaí agus oscailtí eile ar fhreastail mé orthu le linn mo théarma. Ba mhór an onóir dom é freisin glacadh le roinnt gradam le linn 2015 lena n-áirítear an gradam IPB Co-operation Ireland Pride of Place 2015 le haghaidh Bhaile Bachaille, gradam LAMA d'Ionad Pobail Dhomhnach Bat agus Phort Reachrann, agus an Gradam Náisiúnta Pleanála le haghaidh Thionscadal Pleanála Leasóta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-Chomhairleoirí i gComhairle Contae Fhine Gall as an tacaíocht luachmhar a thug siad dom le linn mo théarma mar Mhéara Fhine Gall, agus leis an Leas-Mhéara, an Comhairleoir Jack Chambers. Gabhaim buíochas freisin leis an bPríomhfheidhmeannach, Paul Reid as an treoir agus tacaíocht ríthábhachtach a chuir seisean ar fáil dom. Tá mo bhuíochas ag dul freisin d'fhoireann na Comhairle, idir an fhoireann a oibríonn laistigh agus an fhoireann a oibríonn lasmuigh, as na dianobair go léir a dhéanann siad ar son mhuintir Fhine Gall agus iad ag soláthar raon leathan seirbhísí. Mar fhocal scoir, deirim le gach duine a oibríonn ar son shaol eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus spóirt ár gContae, go n-aithním an méid a dhéanann sibh agus táim ag súil in airde a bheith ag obair libh amach anseo.

An Comhairleoir David O'Connor
Méara Fhine Gall



RÉAMHRÁ LEIS AN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH, PAUL REID



Bliain ghníomhach thairgiúil eile í 2015 le haghaidh Chomhairle Contae Fhine Gall – bliain ina ndearnadh comhdhlúthú, pleanáil, cur chun cinn agus cur i bhfeidhm.

Chuir an clár oibre um athchóiriú arna leagan amach san Acht Rialtais Áitiúil 2014, dúshlán agus deiseanna a fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall. Chuidigh na hathchóirithe sin leis an rialtas áitiúil a ról a dhaingniú i bhforbairt pleananna eacnamaíochta agus pobail. I bhFine Gall fáiltímid roimh deiseanna. Ag obair i gcomhar leis na baill thofa tá próiseas rannphairtíochta leanúach fairsing i bhfeidhm againn le raon leathan páirtithe leasmhara chun tacú le fás agus forbairt sa Chontae.

Treisíodh na struchtúir agus gnáthaimh oibre le linn 2015, arna mbunú ionas go mbeadh grúpa níos mó de bhaill thofa in ann obair go héifeachtach, agus tá fíorbhraistint ann go bhfuil comhchuspóir ann idir na baill thofa agus an feidhmeannas.

Tá Fine Gall ag tús cadhnaíochta ó thaobh chur i bhfeidhm na n-athruithe sa rialtas áitiúil. Táimid chun tosaigh ó thaobh na forbartha eacnamaíochta, sóisialta agus pobail ag soláthar seirbhísí éifeachtacha ag luach maith. Mar bhunchuid de na hathruithe sin tá feabhas a chur ar chumas an rialtais áitiúil forbairt eacnamaíochta agus foráis sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear folláine na pobal, tacú le tionscnaimh cruthaithe post agus fás eacnamaíochta.

Sa chomhthéacs seo, bhronn Public Sector Magazine gradam ar Chomhairle Contae Fhine Gall mar an tÚdarás Áitiúil is fearr do Sheirbhísí Forbartha Eacnamaíochta, mar aitheantas ar an dianobair a dhéanann an fhoireann ar fud sheirbhísí na Comhairle agus an tús áite a thugann baill thofa don fheidhm seo.

Le linn 2015, leanamar ag obair ar fud Stiúrthóireachtaí uile na Comhairle ionas go réadófaí ár bhfís d'Fhine Gall: 'Go mbeadh sé an rogha áit in Éirinn le bheith ag cónaí, ag obair, chun cuairt a thabhairt uirthi agus gnó a dhéanamh inti'.

I gcomhthéacs feidhmíocht láidir eacnamaíochta náisiúnta, tharla fás maith i bhFine Gall freisin, agus níos mó tógála ag tarlú ar fud an Chontae, chomh maith leis méadú ar líon na n-iarratas pleanála. Mar shampla, d'ardaigh líon na n-iarratas pleanála go 30% ó leibhéal 2012 agus ag deireadh 2015, bhí 43 láthair ghníomhach ann de 10 n-aonad cónaithe nó níos mó (thuas ó 36 ag deireadh 2014).

Tá Fine Gall i suíomh maith anois dul chun cinn a dhéanamh bunaithe ar na dálaí feabhsaithe eacnamaíochta. Tá daonra óg, ilchineálach oilte againn chomh maith le pobal láidir gnó a chuireann fostaíocht ar fáil ar fud raon leathan earnálacha. Chomh maith leis sin, tá a lán acmhainní againn sa Chontae a chuidíonn muid a idirdhealú ionas gur féidir linn tús áite a bhaint amach san fhás eacnamaíochta, san fhorbairt shóisialta agus sa turasóireacht.



Chun tacú leis sin, d'aontaigh an Chomhairle ar cheann de na buiséid is forásaí a chuireann le chéile le blianta fada anuas. Dhíríomar ár n-infheistíocht i dtrí cinn de phríomhréimsí:

1. Seirbhísí a sholátharaímid do shaoránaigh Fhine Gall a dhaingniú;
2. Méadú ar infheistíocht agus fócas ar Thithíocht;
3. Gníomhaíocht eacnamaíochta agus turasóireachta a spreagadh trí infheistiú i roinnt dár bpríomhshócmhainní straitéiseacha agus ár bpríomhláithreáin oidhreachta.

Le linn 2015, forbraíodh Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall (LECP) agus glacadh é i mí na Nollag. Leagtar amach ann, le haghaidh tréimhse sé bliana, cuspóirí agus gníomhartha a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm chun forbairt eacnamaíochta agus pobail limistéar Fhine Gall a chur chun cinn. I mí Iúil seoladh *Destination Fingal*, plean forbartha turasóireachta trí bliana an chontae. Mar chuid dár gclár chun an contae a chur chun cinn, d'eagraigh an Chomhairle líon suntasacha imeachtaí, rinne éascú orthu agus thacaigh leo, lena n-áirítear Lá Fhéile Pádaig, an fhéile *the Flavours of Fingal*, roinnt féilte samhraidh, an Rás Bóthair 10km Fhine Gall, chomh maith le comhdháil ITLG agus Comhdháil Imeachta an Mhéara i mí Bealtaine. Tacaíonn foireann ar fud sheirbhísí na Comhairle leis na himeachtaí seo.

I bhFhine Gall, aithnímid scála fhadhb na tithíochta agus fáiltímid roimh an Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 arb é a chuspóir dul i ngleic ar bhonn éigeandála le heaspa dídine gearrthéarmach. Soláthraíonn Clár Caipitil na Comhairle 2016-2018 le haghaidh €155m do thithíocht. B'ionann an táirgeacht le haghaidh 2015 agus breis is €44m (buiséad bunaidh de €18.5m) agus tá Fhine Gall os cionn a spriocanna tithíochta sóisialta, arna leagan síos ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tá obair ar siúl ar Plean Caomhantais Chaisleán Shoird, agus ar Mháistirphlean Cheathrú Chultúrtha Chaisleán Shoird agus fuair an Chomhairle maoiniú de €1.47m ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) chun tacú le cur i bhfeidhm phríomhghnéithe den Mháistirphlean.

Cuireadh tús le hathbheithniú ar Plean Forbartha Fhine Gall (2011-2017), chun Plean Forbartha Contae nua a fhorbairt don tréimhse 2017-2023.

Níl thuas ach léargas beag ar roinnt de na gníomhaíochtaí a bhí ar bun le bliain anuas.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Méara, an Comhairleoir David O'Connor agus a réamhtheachtaí an Comhairleoir Mags Murray agus gach Ball den Chomhairle as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht maidir leis an iliomad saincheistanna le linn 2015. Táim ag tnúth go mór leanúint den chomhoibriú seo in 2016.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt d'fhoireann na Comhairle as a ndíograis agus a ndúthracht i soláthar seirbhísí do mhuintir Fhine Gall. Táim ag súil go mór a bheith ag obair i gcomhar lena chéile ar shon thodhchaí Fhine Gall in 2016.

Paul Reid
Príomhfheidhmeannach



BALLRAÍOCHT CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

Méara (Ean. – Meith 2015)
David O'Connor

An Comh. Mags Murray

Méara (Jun – Dec 2015) an Comh.



Leas-Mhéara (Jan – Jun 2015) an Comh. Ted Leddy
Chambers

Leas-Mhéara (Jun – Dec 2015) an Comh. Jack

TOGHCHEANTAR BHAILE BRIGÍN



JP Browne,
Fine Gael



Brian Dennehy,
Fianna Fáil



Ken Farrell,
Páirtí an Lucht Oibre



Gráinne Maguire,
Neamhspleách



Barry Martin,
People Before Profit



Tony Murphy,
Neamhspleách



David O'Connor,
Neamhspleách



Malachy Quinn,
Sinn Féin

TOGHCHEANTAR CHAISLEÁN CNUCHA



Jack Chambers
Fianna Fáil



Sandra Kavanagh,
Anti-Austerity Alliance



Ted Leddy,
Fine Gael



Eithne Loftus,
Fine Gael



Mags Murray,
Fianna Fáil



Roderic O'Gorman,
An Comhaontas Glas



Natalie Treacy,
Sinn Féin



TOGHCHEANTAR MHULLACH ÍDE



Jimmy Guerin,
Neamhspleách



David Healy,
An Comhaontas Glas



Anthony Lavin,
Fine Gael



Brian McDonagh,
Páirtí an Lucht Oibre



Daire Ní Laoi,
Sinn Féin



Eoghan O'Brien,
Fianna Fáil



Cian O'Callaghan,
Neamhspleách



Keith Redmond,
Renua

MULHUDDART ELECTORAL AREA



Kieran Dennison,
Fine Gael



Paul Donnelly,
Sinn Féin



Tania Doyle,
Anti-Austerity
Alliance



Edmund Lukusa,
Sinn Féin



Mary McCamley,
Páirtí an Lucht Oibre



David McGuinness,
Neamhspleách



Lorna Nolan,
Neamhspleách



Matthew Waine
Anti-Austerity Alliance

SWORDS ELECTORAL AREA



Darragh Butler,
Fianna Fáil



Eugene Coppinger,
Anti-Austerity
Alliance



Anne Devitt,
Neamhspleách



Adrian Henchy,
Fianna Fáil



Philip Lynam,
Sinn Féin



Paul Mulville,
Neamhspleách



Joe Newman,
Neamhspleách



Justin Sinnott,
Neamhspleách



Duncan Smith,
Páirtí an Lucht Oibre



Príomhnithe a Bhain Comhairle Contae Fhine Gall Amach in 2015

DIÚSCAIRT TALÚN

- Diúscaíodh 34.75 acra (móide 10 n-acra) de thalamh don Fhorbairt Eacnamaíochta
- Diúscaíodh 16.24 acra de thalamh do Thithíocht
- Diúscaíodh 2.24 acra de thalamh le haghaidh Saoráidí Spóirt

FAOMHADH PLEANÁLA CHUID 8/CHUID XI

- Saoráidí do Choisithe ag Droichead an Chúlbhóthair, Mullach Íde
- Tógáil 10 n-áitreabh ag Ringfort, Baile an Ridire
- Atheagrú ar Atriam Halla an Chontae
- Máistirphlean Pháirc Baile na Sceirí
- Clós Súgartha ag Páirc an Chuain, an Ros
- Athchóiriú ar fhoirgnimh reatha agus forbairt ar oibreacha nua ag Teach & Feirm an Droichid Nua
- Tógáil 6 áitreabh ag an nGráinseach, Baile Bachaille
- Tógáil 24 áitreabh ag Castlelands Park View
- Tógáil 32 áitreabh ag Bóthar Cheapaí
- Síneadh leis na saoráidí uile-aimsire ag PLSC, Cnoc na Carraige, Port Mearnóg
- Tógáil 25 áitreabh ag Bóthar Ráth Béil, Sord

STADÉIR

- Staidéar BÁC Thuaidh –Fhine Gall, An tÚdarás Náisiúnta Iompair

TUARASCÁLACHA

- Innéacsú na Scéime do Ranníocaíocht Forbartha
- Tuarascáil Bhliantúil 2014
- Tithíocht Mhodúlach
- Oifig Fiontair Áitiúil – Tuarascáil maidir le Gníomhaíochtaí & Torthaí 2014
- Tuarascáil Bhliantúil Choiste Iniúcháireachta Chomhairle Contae Fhine Gall 2014
- Comhaontú Cathrach Cleamhnaithe – Chengdu
- Beartas Ainmniúcháin agus Cuimhneacháin
- Scéim Ranníocaíocht Forbartha 2016 - 2020
- Clár Comórtha Céad Bliain 2016 Fhine Gall
- Breithniú ar Cheadúnas a Fhaomhadh d'Imeachtaí Cruicéid i Mullach Íde

LUASTEORAINNEACHA

- Leasú ar Luasteorainneacha ag 3 shuíomh i limistéar Oibríochtúil Bhaile Brigín/Shoird
- Luasteorainneacha Cónaitheacha
- Leasú ar Fhodhlíthe faoi Luasteorainneacha Bóithre ar Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha 2015
- Fodhlíthe Luasteorainneacha 30km san uair

STRAITÉISÍ

- Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2015 – 2018
- Straitéis maidir le Spásanna Oscailte

TÓGÁIL I GCÚRAM

- Faomhadh ar thógáil i gcúram bóithre agus cosán dar fhad 7044m.



- Faomhadh ar Bhóthar Rochtana Stáisiún Traenach Pháirc Hans agus Bhóthar Rochtana Scoil Náisiúnta Pháirc Hans (Barnwell)
- Faomhadh ar Chosán ag Ascaill Pháirc na Feá, Caisleán Cnucha

PLEANANNA

- Plean Corparáideach Fhine Gall 2015 – 2019
- Plean Comórtha 1916
- Plean Bliantúil maidir le Soláthar Seirbhíse 2015
- Plean Áitiúil Eacnamaíocht agus Pobail Fhine Gall 2015 - 2021

PLEANÁIL

- Máistirphlean Cheathrú Chultúrtha Chaisleán Shoir
- Cur le saolré Phleananna Ceantair Áitiúil na n-áiteanna seo: an Seanbhaile/Baile na Móna, Baile Gháire agus Fosterstown
- Forbairt an Bhonneagair Straitéisigh d'Ospidéal Nua Pédiatraiceach ag Campas Ospidéal San Séamas, Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath.

DEONTAIS

- Cúnamh airgeadais do 2 Chumann Tithíochta/Forais Formheasta Tithíochta faoin Scéim Cúnaimh Caipitil
- Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí
- Deontais Pobail Comórtha Céad Bliain 2016
- Deontais Spóirt don Aos Óg

COMHAONTUITHE ALT 85

- Tógadh cuid de Bhóthar Pholl an Bhalla/ mar chuid den Scéim Feabhsúcháin Ghabhal Bhóthar Pholl an Bhalla/Bhóthar na Maighne le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

- Comhaontú le Comhairle Contae Chill Dara ó thaobh an Chonartha um Fhairsingiú Droichid Laighean 2015

CÚRSAÍ AIRGEADAIS

- Buiséad Bliantúil 2016
- Tuarascáil maidir le Sceideal na Rátaí Neamhbhailithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014
- Faomhadh an Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2014 agus an Tuarascáil Reachtúil Airgeadais
- Freastal ar Rótharraingt 2016
- Cáin Mhaoine Áitiúil – Socrú an fhachtóra coigeartaithe áitiúil le haghaidh 2016 – Athrú síos faoi 15% ar bhonn ráta na cánacha maoine áitiúil le haghaidh 2016
- Clár Caipitil 2016 – 2018
- Tuarascáil le Tony Foley, Léachtóir Sinsearach le hEacnamaíocht, Airgeadas agus Fiontraíocht In Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le Ráta Aisíoca Folúntais
- Faomhadh lasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais tithíochta chun críocha tithíochta



BALLRAÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA GCOISTÍ UM BEARTAS STRAITÉISEACH

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE UM BEARTAS STAITÉISEACH MAIDIR LE HEALAÍOA, CULTÚR, OIDHREACTH AGUS POBAL

: Comhairleoirí Anne Devitt (Cathaoirleach), Joe Newman, Adrian Henchy, Mary McCamley, J.P. Browne, Daire Ní Laoi.
Lorcan Blake, Guy Thompson, Dolores Walsh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Coiste Comórtha 1916
- An Scéim 'Per Cent for Arts'
- Straitéis Litearthachta
- Rannán Spóirt
- Forbairt Pobail
- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN)
- Beartas Ainmniúcháin & Comórtha
- Bunú Coiste Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE UM BEARTAS STAITÉISEACH MAIDIR LE FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA:

Comhairleoirí Kieran Dennison (Cathaoirleach), Keith Redmond, Anthony Lavin, Tony Murphy, Lorna Nolan, Edmond Lukusa, Jimmy Guerin, Mags Murray, David McGuinness, Jack Chambers.

Eric Fleming, Siobhán Kinsella, Emmanuel Okezie Emuaga, James Scully.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) agus an Ráiteas maidir leis an gCreat Socheacnamaíochta
- Straitéis Turasóireachta Fhine Gall
- Ballraíocht an Choiste Stiúrtha maidir leis an Straitéis Turasóireachta
- Comhaotú Cathrach Cleamhnaithe Chengdu
- Tionscadail an Bhrait Chorcra le haghaidh Shoird
- Plean na hOifige Fiontair Áitiúil 2015
- Clár oibre SPC le haghaidh 2016

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE UM BEARTAS STAITÉISEACH MAIDIR LE TITHÍOCHT

: Comhairleoirí Ken Farrell (Cathaoirleach), Duncan Smith, Adrian Henchy, Paul Mulville, Barry Martin,

Malachy Quinn, Kieran Dennison, Matt Waine, Lorna Nolan, Sandra Kavanagh.

Alan Redmond, Odran Reid.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Soláthar Tithíochta
- Straitéis Tithíochta 2020
- Creat Cíosanna Difreálacha
- Imeascadh sa Chorr Dhubh
- Beartas maidir le Leithdháileadh
- Tionscadal Léirithe Tithe Modúlacha
- Tuarascáil maidir le Talamh faoi Úinéireacht na Comhairle atá criosatieh don Fhorbairt Chónaitheach
- Eastát Parnell, Mulhuch Eadrad



BALLRAÍOCHT AN CHOISTE UM BEARTAS STAITÉISEACH MAIDIR LE PLEANÁIL AGUS

BONNEAGAR STRAITÉISEACH: Comhairleoirí Cian O'Callaghan (Cathaoirleach), David Healy, Brian Dennehy, Brian McDonagh, Justin Sinnott, Philip Lynam, Gráinne Maguire, David O'Connor.

Greg Farrell, Deirdre Fox, Kieran O'Neill.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Plean Forbartha Contae 2017-2023
- Staidéar Iompair Fhine Gall/Bhaile Átha Cliath Thuaidh
- Straitéis maidir le Spásanna Oscailte
- Bonneagar Rothaíochta
- Bearta maidir le Maolú & Oiriúnú i ndáil le hAthrú Aeráide
- Scéim Cíosanna Dífreálacha 2016-2020
- Beartas & Próisis um Fhorfheidhmiú Pleanála

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE UM BEARTAS STAITÉISEACH MAIDIR LE HIOMPAR:

Comhairleoirí Eoghan O'Brien (Cathaoirleach), Darragh Butler, Ted Leddy, Roderic O'Gorman, Annette Hughes, Natalie Treacy.

Paddy Kavanagh, Bob Laird, Raymond Ryan.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Clár Cothabhála Geimhridh
- Luasteorainneacha Cónaitheacha
- Líonra Rothar i bhFine Gall
- Iompar Tuaithe
- Soilsiú Poiblí
- Iniúchóireachta ar Iompar Glas do Scoileanna
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Iompar Poiblí

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE UM BEARTAS STAITÉISEACH MAIDIR LE HUISCE AGUS

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL: Comhairleoirí Paul Donnelly (Cathaoirleach), Natalie Treacy, Anne Devitt, Mary McCamley, Eugene Coppinger, Eithne Loftus.

Séamus McGrath, Charles Sargent, Angela O'Flynn Bury.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Dréachtphlean Bainistíochta Réigiúnach Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre 2015 – 2021
- Pleananna Bainistíochta Abhantraí – An Dara Timthriall
- Tuarascáil maidir le Critéir Íosta Mholta le aghaidh Iniúchóireachtaí Comhshaoil (RMCEI) ar 2014 agus Plean le haghaidh 2015
- Tuarascáil chun dáta maidir le hUisce Éireann
- Uiscí Snámha 2015
- Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Tuarascáil chun dáta faoi na Rialacháin maidir le Margaíocht, Díol, Dáileadh agus Dó Breoslaí Sonracha 2012
- Láithreáin Chonláistí Cathartha Chomhairle Contae Fhine Gall



BALLRAÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

BALLRAÍOCHT

15 Bhall den Údarás Áitiúil: Comhairleoirí JP Browne, Grainne Maguire, Malachy Quinn, Adrian Henchy, Paul Mulville, Anthony Lavin, Jimmy Guerin, Jack Chambers, Mags Murray, Eithne Loftus, Roderic O’Gorman, Natalie Treacy, Annette Hughes (éirithe as mí an Mheithimh 2015), Tania Doyle (comhthofa chun teacht i gcomharba Annette Hughes 2015), Kieran Dennison, Mary McCamley.

Baill Oireachtais: Ruth Coppinger TD, Alan Farrell TD, Brendan Ryan TD, Senator Darragh O’Brien.

Ionadaithe Pobail: Jossy Akwuobi (Cuimsiú Sóisialta), Myles Caulfield (Pobal & Deonach), Rev. Kenneth Lindsay (Cuimsiú Sóisialta), Howard Mahony (Pobal & Deonach), Eamonn Price (Cuimsiú Sóisialta), Ray Smyth (Pobal & Deonach), Maria Tormey (Comhshaol).

An Garda Síochána: Ard-Cheannfort Clavin (DMR-W) agus Ard-Cheannfort O’Brien (DMR-N).

Comhairle Contae Fhine Gall: Mr. Paul Reid (Príomhfheidhmeanach Chomhairle Contae Fhine Gall) agus Liam Burke (Príomhoifigeach Sinsearach – Roinn Tithíochta).

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta Fhine Gall faoi Acht an Gharda Síochána 2005, augs is é feidhm an chomhchoiste sin feidhmiú mar fhóram do chomhairleoirí, plé agus moltaí ar chúrsaí a théann i bhfeidhm ar phóilíneacht limistéar riaracháin an údaráis áitiúil, go háirithe súil a choinneáil ar an nithe seo a leanas –

- Leibhéal augs pátrúin coireachta, mí-oird agus iompraíochta frithshóisialta sa limistéar sin (lena n-áirítear pátrúin agus leibhéal mí-úsáide alcóil agus drugaí), agus
- Na gnéithe is cúis le leibhéal choireachta, mí-oird agus iompraíocht fhrithshóisialta sa limistéar sin.
- Déantar é seo a bhainistiú trí Chlár Bliantúil Oibre an Chomhchoiste Póilíneachta ina leagtar amach ceithre réimse straitéiseacha don chomhoibriú idir Comhairle Contae Fhine Gall agus An Garda Síochána.

In 2015, tháinig Comhchoiste Póilíneachta Fhine Gall le chéile gach ráithe (an 20 Feabhra, an 19 Meitheamh, curtha siar ón 22 Bealtaine, an 11 Meán Fómhair agus an 04 Nollaig), agus rinne óstáil ar shraith de cheithre chruinniú phoiblí i mí Márta/Aibreáin. D’aontaigh an Coiste an tuarascáil ón tsraith de chruinnithe poiblí an 19 Meitheamh agus foilsíodh é ar an suíomh gréasáin ag www.fingal.ie/FingalJPC.





GRADAIM CHORPARÁIDEACHA 2015

SEIRBHÍSÍ FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA

Roghnaíodh Comhairle Contae Fhine Gall ar an mbuaiteoir don ghradam “Údarás Áitiúil is Fear ó thaobh Seirbhísí Forbartha Eacnamaíochta” i nGradaim 2015 an *Public Sector Magazine*. Aithnítear leis an ngradam seo barr feabhais san fheidhmíocht i Roinn Seirbhísí Forbartha Eacnamaíochta le bliain anuas.

GRADAIM NÁISIÚNTA PLEANÁLA 2015/2016

PLEANÁIL & MAPÁIL LEASÓTA

Ag Gradaim Náisiúnta Pleanála 2015/2016 bronnadh an Gradam Rogha an Uachtaráin ar Chomhairle Contae Fhine Gall mar gheall ar an tionscadal Pleanála agus Mapála Leasóta. Aithnítear, le gradam Rogha an Uachtaráin, éachtaí a baineadh amach sa phleanáil. Ní gach go mbronnfaí an gradam seo gach bliain. Bronntar an gradam ar eagraíocht pleanála as an méid a rinne siad ar son na pleanála. Is léiriú é Tionscadal Pleanála agus Mapála Leasóta ar an leibhéal idirnáisiúnta ar conas is féidir le gairm na pleanála agus le córas pleanála leas a bhaint as chomhtháithí agus conas is féidir linn foghlaim óna chéile.

CREATPHLEAN FORBARTHA SHRÁIDBHAILE

BHAILE AN RÓLAIGH

Bronnadh an gradam le haghaidh Teicneolaíochtaí Éiritheacha Inbhuanaithe ar iCon Architecture i gcomhar le Cummins & Voortman le haghaidh Chreatphlean Forbartha Shráidbhailte Bhaile an Rólaigh do Chomhairle Contae Fhine Gall. Mhol na moltóirí an tsamhail fhíorúil a cruthaíodh don sráidbhailte iomlán a bheadh ina theimpléad a rabhtas in ann athruithe ar an sráidbhaile a thastáil agus a

fhorbairt. Mar thoradh ar léirshamhlaithe idirghníomhacha bhí an pobal in ann tabhairt faoin gcinnteoireacht nó cuidiú leis an gcinnteoireacht.

BRAT CORCRA FHINE GALL DO SHORD

Bronnadh an gradam tábhachtach An Brat Corcra ar Shord mar gheall ar a gheilleagar tráthnóna agus oíche. Is gradam baile agus cathrach é an Brat Corcra – cosúil leis an mBrat Gorm do thránna – a bhfuil mar aidhm leis feasacht a spreagadh maidir le tarraingteach bailte agus cathracha idir na huaireanta 18:00 agus 05:00. Na bailte a mbronnar an Brat Corcra orthu tá aitheantas á fháil acu as meascán beoga siamsaíochta a chur ar fáil fad is a chuirtear chun cinn sábháilteacht agus folláine na gcuairteoirí agus na n-áitritheoirí.



DIMÉIN MHULLACH ÍDE & PÁIRC NA MÍLAOISE, BAILE BHLAINSEIR

Bronnadh an Brat Glas ar Dhiméin Mhullach Íde agus ar Pháirc Mhílaoise Bhaile Bhlainséir i nGradaim Brat Glas Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann 2015. Is gradam a bhfuil ardmheas air é seo agus tá aitheantas idirnáisiúnta aige mar chaighdeán barr feabhais.



AOISBHÁUIL

Bronnadh gradam an chleachtais is fear ó thaobh Rannpháirtíocht Saoránach ar Chomhairle Contae Fhine Gall ag Ghradam Údaráis Áitiúil Chambers Ireland 2015 mar gheall ar Shaoráidí Aoisbháúla Fhine Gall.



Bronnadh an Gradam Comhshaoil ar Bhaile na Sceirí i nGradaim Náisiúnta Aoisbháúla na hÉireann a réachtáladh in 2015.

GRADAM ÓMÓIS ÁITE BHAILE BACHAILLE

Bhain Baile Bachaille an chéad áit i nGradaim bhliantúla IPB Co-operation Ireland 2015. Sna Gradaim Ómóis Áite aithnítear agus ceiliúrtar éachtaí mhuintir na háite a oibríonn go dian dícheallach chun ómós áite a spreagadh ina gceantar áitiúil agus an áit a fheabhsú do na háitritheoirí.



GAIRDÍN PHÁIRC NA FEÁ

D'éirigh le Páirc na Feá, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15, an chéad áit a bhaint amach don Ghairdín Beag is Fearr agus bronnadh Bonn Airgid orthu as sin. Teaghlach Shackleton a chruthaigh an gairdín seo sa dara leath den 20ú haois.

BRAT CÓSTA GORM/GLAS

Bronnadh Brait Ghorma in 2015 do Thrá Brook ag Port Reachrann, Trá Bhaile Carraige ag Domhnach Bat agus an Trá Mhín ag Port Mearnóg. Bronnadh Brait Chósta ar Thrá Brook ag Port Reachrann, Trá Bhaile Carraige ag Domhnach Bat agus an Trá Mhín ag Port Mearnóg agus Trá Burrow, Cill Fhionntain.

SÁBHÁILTEACHT CHEIRDE

Ag an 4ú Ócáid Ghradam Sábháilteachta Ceirde, a réachtáladh i nGaillimh an 2 Deireadh Fómhair, bhain foireann Acmhainní Daonna Chomhairle Contae Fhine Gall an 'Gradam Údaráis/Comhairle Áitiúil' sa Chatagóir Gnó. Chomh maith leis sin, bain Comhairle Contae Fhine Gall an 'Gradam don 'Ardghnóthachálaí is Leanaí' mar gheall gur bhain sé gradam nó níos airde cúig bliain as a chéile sa chomórtas.

IONAD POBAIL DHOMHNACH BAT AGUS PHORT REACHRANN

Bhain Ionad Pobail Dhomhnach Bat agus Phort Reachrann an duais fhoriomlán don tSaoráid Spóirt is fearr i nGradaim Pobail & Comhairle LAMA 2015.



AILTIRÍ

Chuir Roinn na nAiltirí seirbhísí deartha, caomhantais, dearaidh uirbigh, soláthair agus suirbhéireachta cainníochta ar fáil do gach roinn den Chomhairle le linn 2015. D'oibrigh an roinn ar raon leathan tionscadal le linn na bliana – soláthar tithíochta sóisialta, úsáid is fearr ár stoic reatha tithíochta, obair ar fhoirgnimh phoiblí agus phobail agus obair ar sheirbhísí comhroinnte le haghaidh roinn údarás áitiúil.

HALLA AN CHONTAE

Cuireadh tús le mórtionscadal i Halla an Chontae, a cuireadh i gcrích nach mór. Rinneadh athdhearadh ar atriam fáilte Halla an Chontae a chuireann seirbhís níos fearr ar fáil do dhaoine a thagann ar cuairt ar Halla an Chontae le deasc seirbhís aonair do gach roinn. Saindearadh ata i gceist ag díriú go háirithe ar theiceolaíocht faisnéise idirghníomhach agus compord na gcustaiméirí. Leasaíodh socruithe slándála mar chuid den tionscadal.



CAISLEÁN SHOIRD

Lean an Chomhairle ag forbairt na gcuspóirí fadtéarmacha a bhain leis an limistéar mórtimpeall Chaisleán Shoird. Aithnítear sna cuspóirí seo go bhfuil gá treo nua a aimsiú don chuid seo de hord agus éascú a dhéanamh ar sholáthar cinn scríbe nua sóisialta agus cultúrtha atá lonnaithe mórtimpeall an Chaisleáin agus ag nascadh siar chuig croílá@ mhiondíola an bhaile.

Chuirge seo rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal le linn 2015:

- Seoladh Máistirphlean Cheathrú Chultúrtha Shoird i mí Aibreáin 2015

- Oibreacha ar Chaisleán Shoird – teach an gheata – obair deartha
- Tionscadal na Sráid Thuaidh – do sholáthar foirgnimh tacaíocht d'imeachtaí sa Chaisleán.
- Comhairliúchán Poiblí d'Ionad Cathartha Shoird.



CAISLEÁN MHULLACH ÍDE

Cuireadh i gcrích oibreacha Caomhantais agus deisiúcháin ar lóiste thoir thuaidh foirgneamh stíle tábhachtach Ealaíon agus Ceardaíocht ag bealach isteach na diméine. Cuireadh an lóiste amach ar síos chuig Ionad Rothaíochta na hÉireann ar bhonn tráchtála.



CASINO, MULLACH ÍDE

Rinneadh móroibreacha le linn 2015 roimh ullmhúchán Chuid XI den Iarratas Pleanála. San fhoirgneamh seo beidh taispeántas ann den *Fry Model Railway*.



REILIG BHAILE GHRIFÍN

Cuireadh tús le toiliú Chuid XI in 2015.



Ballaí Colmlainne Reilig Bhaile Ghrifín

DIMÉIN AN DROICHID NUA

Forbraíodh an Dearadh d'atheagrú na saoráidí do chuairteoirí ag Teach agus Feirm an Droichid Nua. Fuarthas toiliú pleanála XI in 2015 agus ullmhaíodh na doiciméid tairisceana.



LÁITHEÁIN SCOIL/TIONSCADAIL PHÍOLÓTCHA D'ÚSÁID POBAIL

Lean an Roinn ag obair i gcomhar leis an Roinn Áineasa agus Conláistí ag déileáil le saincheisteanna iarchríochnaithe na saoráidí comhroinnte agus an plé maidir le 2 shaoraid nua ag Coláiste Pobail Ard Giolláin, agus Coláiste Pobail Bhaile Brigín agus Bhaile Lotrail, Baile Átha Cliath 15.

SCÉIMEANNA NUA TÓGÁLA

Lean an Roinn ag obair ar dhearadh agus soláthar trí scéim tithíochta laistigh den Chontae in 2015:

- Scéim 14 theach ag Bóthar Cheapaí, Baile Átha Cliath 11

- Scéim 14 áitreabh ag Faiche na Glaise Móire, Sord
- Teach aonair ag Ascaill Chrónáin, Sord.

Leanadh le scéimeanna, ó chéim na forbartha chuig tús an tionscadail, le linn 2015. Cuieadh tús leis an obair ar an nGlas Mhór i mí na Nollag 2014 agus leanadh leis an obair tríd síos 2015. Cuirfear tús le hobair ar an dá láthair eile in 2015.

Cuireadh tús le próisis pleanála Chuid XI agus cuireadh iad i gcrích le haghaidh cúig scéim sa chontae mar chuid de chlár tithíochta 2015.

1. Ráschúrsa Coiteann Lusca - 74 aonad
2. Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín -24 aonad
3. An Cheapach - 18 n-aonad
4. Baile Bachaille - 8 n-aonad
5. Bóthar Ráth Béil, Sord - 20 aonad

Tosaíodh obair féidearthachta láithreáin ar roinnt láithreán eile ar fud an Chontae, agus é ar intint na láithreáin sin a fhorbairt mar chuid de Chlár Tithíochta 2016.

Cuireadh tús le próisis pleanála Chuid XI le haghaidh dá thionscadal tithíochta Rapid ag Radharc an Tobair, Baile Átha Cliath 15 agus Coill na Giúise, Baile Brigín.

Chuir an Roinn comhairle agus cúnamh ar fháil maidir le forbairt an dá scéim tithíochta – scéim 9 dteacht ag Baile an Ridire do Chumann Tithíocht Thoir agus Thuaidh; agus scéim 9 dteach, síneadh le scéim St. Benedict's i Mullach Íde, Cumann Naomh Uinseann de Pól. Meastar go gcuirfear tús leis an tógáil ar an scéimeanna seo in 2016.

Cuireadh tús le scéim mhó athchóirithe don láithreán stad ag Páirc Mhaighne in 2015.



Deisíodh 230 teach folamh sular cuireadh amach ar cíós arís iad in 2015 (Seo méadú de 8.5 % ar 2014).

Cuireadh i gcrích clár mór athsholáthair Fuinneog agus Doirse do bhreis is 360 áitreabh áitrithe i mBaile Bhlainséir agus i dTuaisceart Chontae Átha Cliath. Chuir an Roinn Comhshaoil, pobail agus Rialtais Áitiúil €1,600,000 ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall le haghaidh na n-oibreacha sin.

LEASÚCHÁN PIRÍTE

Rinne Roinn na nAiltirí measúnú ar an obair leasúcháin pirítear ag Páirc na Coirre Duibhe; agus thug cuireadh chun tairisceana le haghaidh na seacht dteach. Leanfar den obair leasúcháin ar na tithe inlíonta seo de réir mar a thiocfaidh siad ar fáil chun iad a dheisiú.

CIGIREACHTAÍ

Leanadh ag soláthar comhairle agus rinneadh cigireachtaí do cheannacháin tithe de réir mar a d'iarr an Roinn Tithíochta. Cuireadh 121 chigireacht i gcrích in 2015.

MIONATHRUITHE, SÍNEADHA AGUS MIONOIBREACHA AR THITHE

Cuireadh i gcrích 28 gcith nua inrochtana, 13 ardaitheoir saighre agus 5 rampa sheachtracha. Cuireadh i gcrích 10 gcinn de shintí arna gcur in oiriúint go speisialta in 2015.

COTHABHÁIL TITHÍOCHTA

Lean an Roinn ag bainistiú chothabháil stoc na Comhairle de 4,600 áitreabh chomh maith le 117 n-aonad ar léas fadtéarmach; freastalaíodh ar díreach breis is 10,024 ar dheisiúcháin (lena n-áirítear iarratais ón Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil), agus cothabháil sceidealaithe sheachtrach agus deisiú 984 n-áitreabh; agus cothabháil teasa ar bhreis is 4146 áitreabh.



POBAL, CULTÚR & SPÓRT

Tá na gníomhaíochtaí agus na cláir oibriúchtúla sna rannóga sa Rannán Pobail, Cultúir agus Spóirt dlúthnasctha le gach ceann díobh san fhorbairt pobail.

SAORÁIDÍ POBAIL

Bíonn ról lárnach ag an Oifigeach Pobail i dtacú le forbairt na bainistíochta áitiúla agus na struchtúr oibríochtúil a dhéanann maoirseacht ar ghnáthfheidhmiú laethúil na Saoráidí Aonair Pobail agus na Saoráidí Comhroinnte. In 2015 chuir na hOifigigh Pobail tacaíocht Bainistíochta Cáilíochta ar fáil faoi Chlár Iniúchóireachta KPI chomh maith le tacaí Forbartha Pobail agus Úsáide Pobail faoin gclár Pathways to Participation.

Chuir na Saoráidí Aonair Pobail ag obair i gcomhar leis na hOifigigh Pobail agus na Coistí Pobail cláir First Steps ar fáil chomh maith leis an gClár Bainistíochta Cáilíochta in 2015.

FORBAIRT AGUS RANPHÁIRTÍOCHT POBAIL

Is é príomhfhócas na hoibre Forbartha Pobail tacú agus cuidiú le pobail agus grúpaí deonacha tionchar a imirt ar an athrú agus comhrac i gcoinne an eisiaimh shóisialta ina bpobail féin. In 2015, chuir na hAonaid ar fáil/nó rinne coimisiúnú ar 151 chlár Oideachais Pobail, ar ghlac 1200 duine páirt iontu sna réimsí seo: scileanna coiste, ionduchtú do thionóntaí, First Steps, Béarla bunúsach, bia sláintiúil agus gairneoireacht don chistin.

Lean an Oifig Forbartha Pobail ag tacú le Líonra Rannpháirtíocht Poiblí Fhine Gall, agus faoi láthair tá 427 nduine páirteach ann. B'ionann maoiniú PPN in 2015 agus €74,084.

Bhí páirt ag an Oifig Forbartha Pobail i ndearadh agus i soláthar Chomhdháil Mhéara Fhine Gall, dar teideal "Immigration to integration".

MAOINIÚ POBAIL IN 2015:

- Clár Gníomhaíochta agus Tionscadail Samhraidh de €103,000 (ghlac breis is 4000 duine óg páirt i dTionscadail maoinithe Samhaidh)
- Maoiniú Cúnaimh Bainistíochta de €385,000 arna leithdháileadh ar 19 saoráid.

AN OIFIG SPÓIRT

Chuir an Oifig Spóirt, atá ina chuid de Líonra Spóirt Éireann na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, The 535 chlár ar fáil do bhreis is 47,500 rannpháirtí ag obair le 580 club, eagraíocht agus scoil. Bíonn an Oifig Spóirt ag brath ar chonhpháirtíochtaí leis an iliomad gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí chun a chláir a chur ar fáil do phobail. I measc gníomhaíochtaí na hOifige Spóirt in 2015 bhí siad seo a leanas:-

- Sportscon, modúl speisialaithe oiliúna le haghaidh leanaí de gach aois agus cumas.
- "KIDSMARATHON", clár reatha struchtúrtha, inar rith leanaí 25.2 míle thar thréimhse ocht seachtaine, agus ag a dheireadh rith 310 leanbh an mhíle dheireanach de Mharatón Bhaile Átha Cliath an 26 Deireadh Fómhair.
- Oiliúint agus forbairt le haghaidh oibríthe deonacha agus foireann
- Cúrsaí Peile agus Gleacaíochta, a bhaineann leas as spórt agus gleacaíocht mar bhealach chun cuidiú le daoine dífhostaithe post a lorg nó tabhairt faoin mbreisoideachas

Chuir an Oifig Spóirt tacaíocht ar fáil do 92 Ghrúpa Spóirt le Deontais Spóirt don Óige in 2015.



AN OIFIG EALAÍON

Déanann an Oifig Ealaíon cur chun cinn agus cothú ar na healaíona. I measc na ngníomhaíochtaí in 2015 bhí siad seo a leanas:

- An Clár Luathbhlianta Ceoil agus Amharcealaíon Artful Dodgers
- Space Invaders, féile ealaíon do leanaí agus d'Oideoirí na Luacthbhlianta
- Room 13, Cár Stiúideo Oige i stiúideo arna reáchtáil ag mic léinn le healaíontóir cónaitheach agus coiste bainistíochta de mhic léinn.
- Cór a fhorbairt do dhaoine agus do theaghlach a bhfuil neáltrú ar dhuine dá dteaghlach i bhFine Gall.



CLÁR EALAÍON POIBLÍ 2015 E

- An tionscadal Mobile Monuments do Chomóradh 1916 C
- Tolka Nights
- Resort Revelations i gcomhar le Féile Chultúir Bleeding Pig i bPort Reachrann mar ar tugadh cuireadh d'ealaíontóirí buaicphointí a gcuid oibre a chur i láthair
- Sheol Príomhfheidhmeannach IMMA "Local Authority –European Perspectives on Public Art Commissioning".

SCÉIM TACAÍOCHTA D'EALAÍONTÓIRÍ

Bronnadh 28 ngradam dar luach €40,000 san iomlán. Bronnadh tréimhse cónaitheachta i stiúideo ar roinnt ealaíontóirí.

MAOINIÚ LE HAGHAIDH NA N-EALAÍON

- Bronnadh €70,000 ar Fhéilte Ealaíon Pobail agus ar Fhéilte Ceoil Thraidisiúnta
- Bronnadh €60,000 faoin scéim deontais le haghaidh ealaíon ginearálta.
- Bronnadh €699,300 go díreach ar dhá Ionad Ealaíon na Comhairle, Draíocht agus Ionad Cultúrtha Séamus Ennis chun tacú leis an obair a bhíonn ar siúl ag an dá ionad.

TIONSCNAMH AOISBHÁD AN CHONTAE

Cuireadh Comhaontas Aoisbhá Chontae Fhine Gall ar ghearrliosta i 3 chatagóir sna Gradaim Aoisbhá Náisiúnta agus bhain Baile na Sceirí amach an Gradam don obair a rinneadh an baile mar chuid den Phróiseas Bailte Aoisbháúla.



Bunaíodh Fochóiste Tithíochta sa Chomhaontas Aoisbhá chun deiseanna a phlé don chomhoibriú idirghníomhaireachta i ndáil le tithíocht a sholáthar do dhaoine scothaosta i bhFine Gall.




TIONSCAL BAILE AOISBHÁ NA SCEIRÍ

Sheol Grúpa Oibre Aoisbhá na Sceirí pacáiste Eolais do dhaoine os 65 bliana d'aois.

COMHDHÁI NÁISIÚNTA DO CHOMHAIRLÍ DAOINE SCOTHAOSTA

Rinne Fóram Seanóirí Fhine Gall i gcomhar le Comhaontas Aoibhá Fhine Gall óstáil ar Ócáid Náisiúnta Chomhairle na nDaoine Scothaosta i mí na Samhna.



DCU – AN OLLSCOIL AOISBHÁÚIL

Thug DCU faoi Shuirbhéanna i mí Eanáir 2015 agus na saincheisteanna a tháinig chun cinn ná iompar, comharthaíocht agus saoráidí páirceála agus costais. Ghlac baill d'Fhóram Seanóirí Fhine Gall páirt sna suirbhéanna. Ainmníodh eZine de chuid Fhóram Seanóirí Fhine Gall le haghaidh Ghradam Uachtarán DCU.

FÓRAM SEANÓIRÍ FHINE GALL

D'fhorbair an Fóram Glaochárta chun feacht a spreagadh maidir le ról Sheanóirí Fhine Gall mar ghuth do dhaoine scothaosta sa chontae. Reáchtáladh a gcruinniú cinn bhliana 'Living a life of Significance' in Ionad Emmaus i Sord i mí Bealtaine.

COMÓRADH CÉAD BLIAIN 2016 FHINE GALL

- Bunaíodh Coiste Idir-rannach agus Coiste Stiúrtha Comórtha 2016 Fhine Gall chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt chlár Comórtha 2016 Fhine Gall.
- Reáchtáladh Seisiún Chomhairliúcháin i Sord agus i mBaile Bhlainséir chun cuireadh a thabhairt don phobal páirt a ghlacadh sa chlár Comórtha.
- Sheol an Méara an tSraith de Léachtaí faoin Comóradh ar an 19 Meán Fómhair i Leabharlann Mhullach Íde.
- Reáchtáladh 2 Lá Earraí Cuimhneacháin Fhine Gall 2016 i mBaile Bhlainséir agus i Mullach Íde.



GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA & RIALACHAS

Seo a leanas feidhmeanna na roinne:

- Seirbhísí Corparáideacha
- Cúram Custaiméirí
- Soláthar
- Deontais Ardoideachais
- Béalí Scoile
- Clár na dToghthóirí
- Plean Corparáideach 2015 - 2019
- Iniúchadh Inmheánach
- Cumarsáid
- Scéim Teanga
- Bainistiú Éigeandálaí
- Saoráil Faisnéise

CÚRAM CUSTAIMÉIRÍ

I mí Dheireadh Fómhair 2015 athosclaíodh an tAtriam i Halla Contae Shoird don phobal. Bunaíodh Aonad tiomnaithe Cúraim Custaiméirí ag soláthar leibhéal ardchaighdeáin de Chúram Custaiméirí do shaoránaigh agus do chuirteoirí. Sa spás nua san Atriam is féidir leis an gComhairle níos mó imeachtaí, fáilitithe agus gníomhaíochtaí a reáchtáil go díreach agus leis an bpobal i gcoitinne.



SOLÁTHAR

Is é aidhm na Rannóige Soláthair a chinntiú go gcloítear leis an gcleachtas is fearr i ndáil le soláthar agus le gnáthaimh na Comhairle i ndáil le ceannach. I measc na bpríomhnithe a baineadh amach in 2015 bhí siad seo a leanas:

- Foilsíodh an Beartas maidir le Soláthar i mí Feabhra 2015
- Foilsíodh an Lámhleabhar maidir le Gnáthaimh Soláthair i mí Bealtaine 2015
- Foilsíodh an Lámhleabhar Agresso MS4 i mí Lúnasa 2015.

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Foilsíodh Clár deiridh na dToghthóirí le haghaidh 2015/2016 ar an 01/02/2015. B'ionann líon iomlán na dToghthóirí ar an gclár deiridh agus 183,819. Foilsíodh dréachtchlár toghthóirí le haghaidh 2015/2016 ar an 01/11/2015. B'ionann líon iomlán na dtoghthóirí ar an dréachtchlár agus 183,719. Foilsíodh an clár leasaithe toghthóirí an 1 Feabhra 2015 agus bhí 17,167 n-ainm air.

PLEAN CORPARÁIDEACH 2015 -2019

Ullmhaíodh an Plean Corparáideach in 2015 ina leagtar amach treo straitéiseach le haghaidh Chomhairle Contae Fhine Gall don tréimhse cúig bliana 2015-2019. Soláthroidh an Plean seo, atá ina chreat rialachais don Chomhairle, do sholáthar Tuarascálacha Bliantúla chun taifead a dhéanamh ar shonraí an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí atá sa Phlean Corparáideach agus soláthar ár seirbhísí idir 2015 agus 2019. Sonraítear sa Phlean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse 2015 na gníomhartha chun cuspóirí an Phlean Chorporáidigh a bhaint amach.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta de na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. I measc na ngníomhaíochtaí in 2015 bhí siad seo a leanas:

- Dearbhú a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach go bhfuil córais



inmheánacha rialaithe ag an gComhairle, go bhfuil siad imleor agus éifeachtach.

- Chuidigh Iniúchadh Inmheánach le Ranna trí iniúchóireachtaí a dheanamh chomh maith le seiceálacha géilliúlachta.
- Tacú leis an gCoiste Iniúchóireachta
- Bainistiú Riosca
- Idirchaidreamh le hIniúcháir Rialtais Áitiúil
- Luach ar airgead agus éifeachtacht
- Rialachas corparáideach.

AN OIFIG CHUMARSÁIDE

Déanann an Oifig Chumarsáide maoirseacht ar chumarsáid inmheánach thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall. I measc ghníomhaíochtaí na hOifige in 2015 bhí siad seo a leanas:

- Preaseisiúintí, foláirimh nuachta, gach fiosrú ó na meáin áitiúla agus náisiúnta a fhreagairt
- Meáin shóisialta a fhorbairt
- Gníomhaíochtaí agus imeachtaí na Comhairle a chur chun cinn.
- Rannpháirtíocht in “Tweet Day”
- Foilsiú nuachtlitir na foirne ‘The Raven’
- Bainistiú agus athbhreithniú ar Bhranda Fhine Gall.
- Seoladh Grapevine – áis nua chumarsáide a líne.

SAORÁIL FAISNÉISE

Tugadh isteach an tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI) 2014 chun cuidiú le daoine rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil i dtaifid a cruthaíodh tar éis an 21 Deireadh Fómhair 1998. Faoin acht seo tá ceart dlíthiúil ag saoránaigh rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí, agus iarraidh go ndéanfaí faisnéis maidir leo a leasú i gcais go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach agus go gcuirfí iad ar an

eolas faoi chúiseanna le cinntí a théann i bhfeidhm orthu. Tá sonraí na n-iarraitas ar fhaisnéis ar déileáladh leo le linn 2015 sonraithe in Aguisín X.

SCÉIM TEANGA ÚDARÁIS ÁITIÚLA FHINE GALL

Ullmhaíodh Scéim Teanga Chomhairle Contae Fhine Gall 2015 go 2018 de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna dhearbhu ag an Aire i mí Feabhra agus seoladh é ag ócáid i Halla Shoird i mí Márta 2015.

BAINISTIÚ ÉIGEANDÁLAÍ

Bunaíodh an tAonad um Bainistiú Éigeandálaí in 2010 chun cuidiú le Comhairle Contae Fhine Gall a dhualgais a chomhlíonadh mar Údarás de réir “Creat do Bhainistiú Móréigeandálaí”. Is é Comhairle Contae Fhine Gall an Phríomhghníomhaireacht Freagartha i gcomhar le dhá Phríomhghníomhaireacht Freagartha eile, An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil le gach gné den Bhainistiú Éigeandálaí.





FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, FIONTAIR & TURASÓIREAHTA

TURASÓIREACHT

Sheol an Méara Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2015-2018 go hoifigiúil i gcomhar leis an Aire Iompair, Turasóireachta & Spóirt i gCaisleán Shoirid an 14 Iúil, 2015.

Trí straitéis turasóireachta a fhorbairt don Chontae, bhí sé i gceist ag Comhairle Contae Fhine Gall 'conair chinnte d'fhorbairt turasóireachta i bhFine Gall' a chruthú. In 2015, leanadh den obair ar chur i bhfeidhm na Straitéise. San iomlán forbraíodh 93 ghníomh sa straitéis ag áireamh margaíocht a dhéanamh ar Fhine Gall mar cheann scríbe turasóireachta.



Fostaíodh Comhairleoirí i mí na Nollag 2015 chun straitéis a fhorbairt i leith bhranda Fhine Gall agus é a optamú do Bhaile Átha Cliath i gcomhthéacs Fhine Gall.



Chomh maith leis sin, thacaigh Comhairle Contae Fhine Gall le 14 imeacht trí mheán an Tionscnaimh Diaspóra Turasóireachta Pobail.

IMEACHTAÍ

Reáchtáladh breis is 60 ócáid ar éirigh go maith leo in 2015, ar thacaigh Aonad Imeachtaí na Comhairle leo, nó a ndearna an tAonad bainistiú orthu. Ina measc bhí:

- Féilte Lá Fhéile Pádraig
- Seó Contae Flavours of Fingal
- Féile Cheoil Shaoire an Earraigh i mBaile Bhlainséir
- Féile Chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath, Binn Éadair
- Cuiche Cruicéid Éire v Sasana, Mullach Íde
- Rás Bóthair 10k Fhine Gall
- Lá Spraoi Teaghlaigh BÁC 15
- Féile Shoirid
- Oktoberfest
- Fingal Festival of Fire
- Soilse Nollag Shoirid/Bhaile Brgín



RÉADMHAOINE OIDHREACHTA

Rinneadh athchóiriú ar spás seirbhíse bia agus seomraí tae Chaisleán Ard Giolláin. Cuireadh an obair sin i gcrích agus seoladh an áit athchóirithe an 27 Feabhra, rud a chuir feabhas ar an ngnó ann. Chomh maith leis sin, in 2015 beartaíodh ar chomhaontú go mbeadh spás siamsaíochta ar na tailte. Tá an dá thionscnamh seo tar éis cur go mór leis an méid atá le tairiscint in Ard Giolláin.

Rinneadh roinnt mionoibreacha i gCaisleán Shoirid a rinne an áit sábháilte agus ullamh le húsáid ag an bpobal tar éis Mhórshiúl Lá Fhéile Pádraig an 17 Márta. Ansin osclaíodh an Caisleán, le seirbhís iomlán treoraithe agus léirmhínte an 1 Iúil. Ansin seoladh an Caisleán go hoifigiúil i mí Iúil agus d'fhreastail breis is 100 cuairteoir ar an ócáid. Reáchtáladh roinnt imeachtaí freisin i gCaisleán Shoirid le linn na bliana. Tugadh faoi mhórsceim chaipitil ag Teach agus Feirm an Droichid Nua d'athchóiriú na háite agus



cuireadh é ar taispeáint don phobal i mí Aibreáin. Ansin aontaíodh air ag cruinniú Bealtaine na Comhairle. Thosaigh oibreacha cumasúcháin go déanaí in 2015 agus beidh an tionscadal €1.4milliún seo i gcrích faoi dheireadh shamhradh 2016.

Bíonn níos mó is níos mó cuairteoirí ag tabhairt cuairte anois ar Chaisleán agus Gairdíní Mhullach Íde agus bíonn sé ar fhorhóir na sceideal turas ag turasóirí sa lá atá inniu ann.

Tá muileann na Sceirí fós ina áit a mbíonn an-tóir ag an bpobal agus turasóirí air sna Sceirí agus bíonn feabhas ag teacht air sin gach bliain.

AN RANNÁN SEIRBHÍSÍ RÉADMHAOINE

Déanann Rannán Seirbhísí Réadmhaoine na Comhairle réadmhaoine a fháil agus a dhiúscairt thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall agus déanann bainistiú ar réadmhaoine agus ar thailte faoi úinéireacht na Comhairle.

ÉADÁIL RÉADMHAOINE:

Rinneadh tailte, réadmhaoine agus ceadanna slí a fháil chun críocha éagsúla reachtúla na Comhairle trí mheicníochtaí éagsúla. Chomh maith leis sin, lean an rannóg Éadála Réadmhaoine ag cur chun cinn éadail agus diúscairt láithreán scoile de réir Mheabhrán Tuisceana idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Rannán leis an Oifig um Oibreacha Poiblí chun oifigí INTREO a sholáthar agus le hUisce Éireann i ndáil lena riachtanais talún agus ceadanna slí.

BAINISTIÚ RÉADMHAOINE:

Seo a leanas achoimre ar na príomhréimsí oibre ar tugadh fúthu in 2015:

- Leanadh ag forbairt Cláir nua Leasanna Réadmhaoine (PIR) in 2015.
- Slándáil agus cothabháil tailte/réadmhaoine na Comhairle.

- Tailte na Comhairle a chur ar cíos do churaíocht agus iníor trí chonarthaí conacra (tuairim is. 947 acra ar cíos in 2015)
- Réadmhaoine agus tailte a ligean amach mar áis shealadach nach raibh ag teastáil ón gComhairle sa ghearrthearma.
- Cíosanna a bhailiú ó shiopaí cónaitheacha na Comhairle.
- Diúscairt tailte nó réadmhaoine/ceadanna slí a bhronnadh etc.
- Tailte ar cíos le hEagraíochtaí Spóirt agus Cuideachtaí Fónais.

PÁIRCEANNA TIONSCLAÍOCHA A FHOIRBIAIR AGUS A BHAINISTIÚ

Lean an Chomhairle ag obair i gcomhar leis an earnáil ghnó chun Páirceanna Tionsclaíocha a fhorbairt ag Baile Dama, an Cheapach, Baile Stiofáin, Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta an Choláiste, Baile Bhlainséir agus Tuirbhe.

In 2015 d'fhógair Mallinckrodt Pharmaceuticals, cuideachta mhór ó SAM, go raibh sé beartaithe aige láithreán 11 acra a fhorbairt laistigh de Pháirc Ghnó agus Teicneolaíochta an Comhairle, i mBaile Átha Cliath 15. Dar leis an gcuideachta, meastar go gcruthófar 45 phost ardteicniúil agus 300 post ag an tús sa chéim thógála.

San fhorbairt nua áireofar foirgneamh dhá stór déantúsaíochta agus foirgneamh trí stór riaracháin d'infheistiú amach anseo. Déanfar tuairim is €45 milliún a infheistiú san iomlán.

In 2015 seoladh go hoifigiúil "Dublin Enterprise Zone", tionscnamh a fuair tacaíochta na Comhairle chun forbairt thionsclaíoch a chur chun cinn i limistéar Bhaile Átha Cliath 15. Faoin tionscadal seo déanfar grúpáil tras-Rannach laistigh den Chomhairle, ag obair i gcomhar le Gníomhaireachtaí Stáit eile, le leasanna áitiúla gnó, leis an gCampas Náisiúnta Spóirt agus le hinstiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir.
www.fingal.ie/dez.



FORBAIRT SOCHEACNAÍOCHTA AN COISTE UM FHORBAIRT ÁITIÚIL POBAIL (LCDC)

Tá an ghníomhaíocht um Fhorbairt Áitiúil Pobail tagtha go mór chun cinn ó cuireadh í ar bun in 2014 agus tá ról níos leithne aici sa mhaoirseacht beartais, san fhorbairt agus sa bhainistiú clár 2015.

Chomh maith leis na sé chruinniú den LCDC, reáchtáladh raon cruinnithe d'fhoghrúpaí agus de chomhlachtaí comhairleacha.

PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA & POBAIL FHINE GALL 2016 - 2021

Bhí ról lárnach ag LCDC agus SPC um Fhorbairt Áitiúil Eacnamaíochta, Forbartha agus Fiontair in ullmhú an Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (LECP). Tar éis comhairliúchán poiblí le príomhpháirtithe leasmhara, ghlac Comhairle Contae Fhine Gall go foirmiúil le LECP an 14 Nollaig 2015.

CLÁR GNÍOMHACHTAITHE UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA & POBAIL (SICAP)

Tar éis próiseas tairisceana, bronnadh conradh ar LCDC Fhine Gall chun SICAP a sholáthar sa Chomhpháirtíocht Limistéir Fhine Gall go Baile Bhainséir. B'ionann buiséad SICAP le haghaidh na 9 mí de 2015 agus €899,593.

Tá trí phríomhsprioc ag SICAP: (a) Fiontar agus Fostaíocht (b) Foghlaim Feadh Saoil (3) Rannpháirtíocht Pobail.



DIANCHÚRA GAIRMEAHA BHAILE BRIGÍN, , SICAP LEADER—CLÁR FORBARTHA TUAITHE

Chuir LCDC Fhine Gall léiriú spéise faoi bhráid an Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) ar mhaithe le cur isteach ar an gClár Forbartha Tuaithe 2016—2020 le haghaidh €6,370,438.43. Bunaíodh Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil Bhaile Átha Cliath (LAG) i mí Dheireadh Fómhair, mar fhochoiste de LCDC Fhine Gall, ag cuimsiú bhaill le LCDCanna Bhaile Átha Cliath Theas, Dhún Laoghaire agus Fhine Gall

Dhaingnigh LAG ceapadh Chomhpháirtíocht LEADER Fhine Gall mar an dream a Chuirfeadh i bhFeidhm an Chláir freagrach as Straitéis Forbartha Áitiúla (LDS) a ullmhú agus riar a dhéanamh ar chur i bhfeidhm LEADER-RDP thar ceann LAG Tuaithe Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair.

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL FHINE GALL

Le linn na bliana 2015, d'fhaomh LEO Fhine Gall cúnamh deontais le haghaidh 39 ngnó le maoiniú iomlán de €766,778. Mar thoradh ar an maoiniú seo, cruthófar 66 phost nua ar dtús agus seans go n-ardóidh an líon sin chuig 149 bpost nua laistigh den chéad 12 mhí.

Ghlac 112 rannpháirtí páirt sa chlár Tosaigh do Ghnó Féin, clár a mbíonn an-tóir air, agus d'fhreastail 926 ábhar fiontraí agus gnó nuathionscanta ar na Clinicí seachtainiúla Comhairle Gnó.



Chomh maith leis sin, cuireann an Oifig Fiontair Áitiúil seirbhís mheánoireachta ar fáil do ghnóthaí nuathionscanta agus do ghnóthaí reatha agus faomhadh 124 chaidreamh meantóireachta le linn na bliana. In 2015 bhí an-éileamh ar Cheardlanna Forbartha Bainistíochta, Ceardlanna Ginte Smaointe, Cruinnithe Faisnéisithe Gnó, Oiliúint Ríomhthráchtála agus Margaíocht Dhigiteach agus Clár Forbartha Bainistíochta, dála Accelerate, The Food Academy, Hi-start agus Plato – agus iad go léir curtha ar fáil ag an Oifig Fiontair Áitiúil. Chuir an Oifig Fiontair Áitiúil tacaíocht ar fáil don Dublin Food Chain, do Mhisin Trádála Easpórtála agus do thionscnaimh chomhoibritheacha le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí áitiúla eile. Chomh maith leis sin, in 2015 seoladh líonra dar teideal “*Fingal Enterprising Women*”.

Reáchtáladh Seachtain Fiontair Fhine Gall le inn mhí Dheireadh Fómhair agus aithnítear gur é sin an tSeachtain Fiontair is rathúla sa tír. Le linn na seachtain, reáchtáladh clár cuimsitheach de ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear seimineáir, meantóireacht agus ceardlanna agus tinreamh níos airde ná riamh ann d’fhiontraithe agus de ghnóthaí nuathionscanta.

Fingal
Enterprise
Week /2015

Monday
to Friday
5th-9th
October



Lean an Oifig Fiontair Áitiúil le roinnt clár eile mar shampla scéim deontais Dearbháin Trádála ar Líne a chuidíonn le fiontair a gcumas ríomhthráchtála a fhorbairt (arna mhaoiniú ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní

Nádúrtha) agus an dara comórtas “Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann” a chuireann an fhiontraíocht chun cinn i measc daoine óga. Cothaíodh dlúthchaidreamh freisin le roinnt eagraíochtaí eile mar shampla Microfinance Ireland, trínar cuireadh bonn foirmiúil faoi chomhaontú comhpháirtíochta chun cuidiú le gnóthaí nuathionscanta agus beaga teacht ar iasachtaí.

Tá an Clár Gradam Fiontair do Mhic Léinn i bhFhine Gall ar an dara ceann is mó in Éirinn agus bhí an-éileamh air sa bhliain acadúil go dtí Márta 2015, mar ar ghlac beagnach 2,000 mac léinn dara leibhéal agus bunscoile páirt, agus iadsan as 32 scoil. Reáchtáladh an searmanas bronnta bliantúil le linn mhí Márta mar ar bronnadh gradaim i dtrí chatagóir éagsúla.



D’fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall trí Ionad Fiontair sa Chontae. Rinneadh ailíniú ar bhainistiú na nIonad Fiontair sin le struchtúr na hOifige Fiontair Áitiúil, agus ar an gcaoi sin tá seirbhís níos comhleanúnaí ann anois ar fáil do ghnóthaí nuathionscanta agus do ghnóthaí atá ag fás. Tá spás ar fáil i nDraighneán (Sord) BASE (Mullach Eadrad) agus BEAT (Baile Brigín) do ghnóthaí nuathionscanta agus tá saoráidí ann do ghnóthaí sa limistéar máguaird. Faoi láthair tacaíonn an spás le 75 ghnó agus tuairim is 300 post i dtrí cinn d’ionaid fiontair.

Tá teist shármhaith go dtí seo ag an Oifig Fiontair Áitiúil d’urraíocht a mhealladh agus de thacaíocht a fháil ón earnáil Chorpáraideach agus níorbh aon eisceacht í 2015. Aontaíodh comhaontuithe urraíochta le roinnt eagraíochtaí lena n-áirítear Vodafone, Banc na hÉireann, One4All, Simtech, Xtreme.ie, Lárionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir, Bord Oideachais & Oiliúna Bhaile Átha Cliath & Dhún Laoghaire.



COMHSHAOL & SEIRBHÍSÍ UISCE

COMHSHAOL

Áirítear i measc fheidhmeanna an Rannáin seo pleanáil do bhainistiú uisce, rialú dramhaíola, monatóireacht agus forfheidhmiú, truailliú uisce, forfheidhmiú maidir le bruscar, cáilíocht an aeir agus truailliú ó thorann.

CRITÉIR ÍOSTA MHOLTA LE HAGHAIDH AN PHLEAN DE CHIGIREACHTAÍ COMHSHAOL (RMCEI)

Cuireadh i bhfeidhm Plean RMCEI 2015 trí chomharacmhainní an Rannáin Comhshaoil chun a chinntiú go ndéanfaí reachtaíocht maidir leis an gcomhshaoil a chur i bhfeidhm agus go ndéanfaí monatóireacht éifeachtach air sin.

FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA

- Cuireadh 23 chaingean forfheidhmiúcháin sa tsiúil mar gheall gur sáraíodh na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola in 2015.
- Bronnadh 2 Cheadúnas do Shaoráidí Dramhaíola in 2015 le haghaidh saoráidí aisghabhála dramhaíola.
- Leasaíodh 15 Chead do Shaoráidí Dramhaíola in 2015 mar gheall ar Rialacháin nua..
- Rinneadh 44 chigireacht ar 19 ndream féinghéilliúil cláraithe i gcomhar leis na Rialacháin Pacáistithe 2014.
- Rialacháin maidir le Dramhbhia - 59 gcigireacht.
- Rialacháin maidir le Dramhbhoinn - 8 gcigireacht.
- Rialacháin WEEE - chláraigh 475 áitreabh leis an Ardán Athchúrsála Eorpach (ERP)
- Chláraigh 0 le Comhairle Contae Fhine Gall.
- Rinneadh 38 gcigireacht géilliúlachta.

RIALÚ BRUSCAIR

- Eisíodh 853 fhíneáil in 2015

- Ullmhaíodh 157 gcomhad le haghaidh ionchúisimh.



RIALÚ AR CHÁILÍOCHT AN AEIR

Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte é seo ar fáil ar bhonn gníomhaireachta agus is iad na hOfigigh Sláinte Comhshaoil a bhíonn i mbun na hoibre. Tá an Príomhstáisiún Cáilíochta Aeir lonnaithe i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 agus déantar tomhas ar leibhéil PM10 agus NOx. Cuirtear sonraí ar fáil i bhfíoram agus déanann sé suas cuid den Lónra Monatóireachta Caighdeáin Aeir Réigiúnach.

- Rinneadh 102 chigireacht in 2015 faoin Acht um Thruailliú Aeir.
- Rialacháin (Margaíocht, Díol, Dáileadh agus Dó Breoslaí Sonracha) 2012.
- Rinneadh 56 chigireacht spriocdhírthe ar dhíoltóirí agus dáileoirí guail.
- Rinneadh iniúchadh ar 21 ghearán ón bpobal i ndáil le dó breoslaí sonracha.

RIALÚ TORAINN

Rinne na EHOanna gearáin a iniúchadh.

RIALÚ AR THRUAILLIÚ UISCE

Beidh feidhm ag an 2rA Timthriall den Cheat-treoir uisce ó 2015 go dtí 2021 agus tá struchtúr nua trí chiseal rialtais ag baint leis. Tá Comhairle Contae Fhine Gall ina chuid d'Abhantrach Náisiúnta i gciseal 3 den struchtúr sin agus an príomhchsupóir atá ag an gComhairle ná a chinntiú go mbainfear amach géilliúlacht do dhualgais reachtúla arna leagan amach sa Treoir i ndáil le screamhuisce, uisce dromchla agus uiscí cósta.



I measc na ngníomhaíochtaí le linn 2015 bhí siad seo a leanas:

- Monatóireacht ar cháilíocht an uisce in aibhneacha agus sruthanna faoin WFD (500 sampla).
- Monatóireacht gach ráithe ar uisce dromchla ag 17 láithreán reachtúla.
- Iniúchadh agus cur i gcrích ar 52 chás de tharluithe de thruaillíu uisce (aibhneacha, limistéir uisce snámha).
- Cur i bhfeidhm na Rialachán maidir le hUisce Snámha, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú maidir le huiscíní snámha ainmnithe.
- 20 cigireacht feirme a reáchtáil agus trastuairiscí i gcás aon neamhghéilliúlachta.
- Monatóireacht ar 79 gceadúnas le haghaidh Eisilteach Trádála.
 - 16 cigireacht a reáchtáil ar chórais cóireála uisce tí de réir an Phlean Cigireachtaí Náisiúnta EPA.

PLEAN BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA – RÉIGIÚN AN OIRTHIR AGUS LÁR TÍRE

Tar éis bhunú na réigiún nua pleanála dramhaíola, ceapadh Plean Bainistíochta Dramhaíola i mí Bealtaine 2015 le haghaidh Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a áiríonn na húdaráis áitiúla seo: Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, Lú, Laois, Longfort, an Mhí, Uíbh Fhailí, an Iarmhí agus Cill Mhantáin.

LÍONADH TALÚN BHAILE AMHLAGOIBH

Stad Líonadh Talún Bhaile Amhlaobh de bheith ag glacadh le dramhaíl i mí Bealtaine tar éis 40 bliain de bheith ag feidmiú. Glactar le hithir fós, áfach ag an líonadh talún le go ndéanfaí é a leasú agus don bharrchaidhpeáil. Tá fós tuairim is 5,000 m² den seanlíonadh talún le caidhpeáil agus san áireamh ann tá ithir, ciseal draenála, ciseal cré agus ciseal de bheintinít shaorga agus ciseal bailithe gáis.

LÍONADH TALÚN DHÚN SINCHE

Tá líonadh talún Dhún Sinche ina chéim iarchúraim i.e. monatóireacht comhshaoil, bainistiú leacháiste agus bainistiú gáis líonadh talún. Tá

laghdú ar bhonn leanúnach ag teacht ar an méid gáis líonta talún atá ann. Cibé é scéal é, tá dóthain de ann fós féin chun leictreachas a ghiniúint go heacnamaíocht.

LÍONADH TALÚN STAIRIÚIL NEIMHEAD

Cuireadh i bhfeidhm Measúnú Riosca Comhshaoil le linn 2014. Cuireadh an tuarascáil, inar cinneadh nach raibh ach baol íseal ag baint leis an láithreán don chomhshaoil máguaird, faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i mí Iúil 2014. Cuireadh togra leasúcháin bunaithe ar Thanúnchán Nádúrtha faoi Mhonatóireacht faoi bhráid na Gníomhaireachta i mí na Nollag 2014.

IONAID STAIRIÚLA LÍONTA TALÚN

Leanadh le hiniúchadh láithreáin agus Measúnú Riosca Comhshaoil in Fancourt, Baile Brigín le linn 2015. Cuireadh tús le hiniúchadh láithreáin agus Measúnú Riosca Comhshaoil i gCairéal Curkeen i mbliana .

TIONSCADAL FUINNIMH DHRAMHÍOL BHAILE ÁTHA CLIATH

Is tionscadal faoin gComhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach é seo idir Comhairle Cathrach Átha Cliath (ag feidmiú thar ceann na gceithre Údaráis Áitiúla i mBaile Átha Cliath) agus Dublin Waste to Energy Ltd.

Cinneadh i mí Mheán Fómhair 2014 dul ar aghaidh leis an tionscadal. Cuireadh tús le hoibreacha tógála i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus tá siad ar sprioc le bheith i gcrích go luath sa bhliain 2017, agus tá an t-ionad le bheith go hiomlán coimisiúnaithe faoi dheireadh na bliana 2017.

IONAID ATHCHÚRSALA, BAINC BHUIDÉIL AGUS BAINC ÉADAÍ

Tá dhá ionad athchúrsála i bhfeidhm ag an gComhairle (Inbhear & Cúil Mhin); líonra de 72 bhanc buidéil ar fud an chontae chomh maith le 26 bhanc éadaí (a tosaíodh mí Iúil).



FEASACHT COMHSHAOIL

- Faoi láthair tá 144 ghrúpa ar fud na tíre páirteach anois sa tionscnamh "Adopt a Patch" de chuid na Comhairle.
- Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil Agenda 21 – ón gciste seo bronnadh €34,300 in 2015 ar 18 dtionscadal áitiúil comhshaoil.
- Leanadh de Chláir Oideachais faoin gComhshaoil in Ionad Athchúrsála an Inbhir agus Chúil Mhín agus thug 6 scoil cuairt orthu in 2015.
- Reáchtáladh 2 imeacht do Shiúlóirí Madraí sa Sceirí agus Shoir; agus cuireadh suas comharthaíocht nua ar fud an chontae chun feasacht a spreagadh faoi shalú ag madraí.
- Reáchtáladh 2 ócáid maidir le feasacht faoi ghuma coganta ag Ionad Siopadóireachta Pavilions, Sord agus ag Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir.
- Níor reáchtáladh aon imeacht maidir le Dramhaíl Ghuaiseach Feirme i bhFine Gall le linn 2015
- Cuimsíodh seisiúin faisnéisithe comhshaoil sna cúrsaí ionduchtúcháin do tionontaí.

SEIRBHÍSÍ UISCE

Faoi reachtaíocht a achtaíodh i mí na Nollag 2013, ghlac Uisce Éireann, an fóntas nua uisce náisiúnta, freagracht as feidhmiú na seirbhísí poiblí uisce i mí Eanáir 2014. Áiríonn sé seo soláthar agus cóireáil uisce óil agus soláthar seirbhísí dramhuisce (séarach bréan) do thithe agus do ghnóthaí.

Tá an Chomhairle fós ag soláthar seirbhísí uisce thar ceann Uisce Éireann de réir Comhaontú 12 bhliain (SLA), agus de réir prótacail chomhaontaithe agus Plean Bliantúil Seirbhíse sonrach (ASP).

TIONSCADAIL CHAIPITIL

Bíonn an Chomhairle fós ag riar na dtionscadal caipitil i bhFine Gall thar ceann Uisce Éireann. In 2015 cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích:

- Stáisiún Pumpála Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Baile Brigín
- Scéim Séarachais Chlochráin



Tá tógáil an Ionaid Cóireála Dreamhuisce i Sord ag céim forbartha anois agus cuirfidh an tlonad sin acmhainneacht bhreise ar fáil do chóireáil uisce d'abhantrach Shoir.

Rinne an Chomhairle dul chun cinn ar roinnt tionscadal eile mar chuid de Chlár Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann. Faoi láthair tá tionscadail á gcur chun cinn trí chéimeanna pleanála agus soláthair. Ina measc tá siad seo:

- Feabhsú Phríomhphíobán Líonra Uisce 30" Shoir
- Stáisiún Pumpála Bhóthar an Rois
- Líonra Bréan an Rois
- Athsholáthar ar shéarach bréan 9C, Baile Bhlainséir
- Feabhsú Siofónach na Life
- Plean Draenála Limistéir an tSeanbhaile – Bhaile na Móna

Cuireadh tús le Céimeanna Pleanála agus Deartha le haghaidh na scéimeanna seo a leanas in 2015:

- Scéim Soláthair Uisce Bhinn Éadair
- Scéim Phríomhphíobán Bhaile Shiúrdáin go Choill Seoch
- Pleananna Draenála Limistéir Shoir & Mhullach Íde



AIRGEADAS

Bíonn an Roinn Airgeadais ag plé le maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle, bíodh sin ina Ioncam nó ina Chaipiteal. Is éard a bhíonn i gceist leis an obair sin:

- Monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i ngach réimse.
- Ceanglais iasachtaithe agus léasaithe a shocrú.
- Cisteán agus bainistiú sreafa airgid.
- A chinntiú go bhfuiltear ag cloí le prionsabail reachtúla agus airgeadais.

Déantar ioncam nó caiteachas laethúil na Comhairle a íoc óna foinsí seo:

- Rátaí Tráchtála
- Deontais Rialtais
- Cáin Mhaoine Áitiúla
- Cíosanna ó Thithíocht
- Táillí le haghaidh iarratas phleanála
- Muirir ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha

Bíonn an méid airgid a bhíonn ar fáil le caitheamh ar fhorbairtí caipitil nó bonneagair ag brath ar Dheontais Stáit, Cáin Mhaoine Áitiúla, iasachtaí agus/nó tobhaigh forbartha .

Seo a leanas príomhfheidhmeanna na Roinne Airgeadais:-

- Buiséad Bliantúil a ullmhú
- Ráiteas Bliantúil Airgeadais a Ullmhú
- Bainistiú agus Rialú Airgeadais
- Bailiú Ioncaim – rátaí tráchtála, tobhaigh bliana tosaigh réadmhaoine, muirir ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha
- Cuntais a íoc
- Riar an phárolla
- Riar árachais agus éileamh
- Oibríochtaí na hOifig Airgid Thirim

AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTA S 1997

Is é aidhm an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a chinntiú

go n-íocann gach Comhlacht Poiblí agus gach Conraitheoir de chuid na hearnála poiblí méideanna atá dlite acu do sholáthraithe go pas. I gcás nach ndéantar íocaíocht laistigh de thréimhse 30 lá ó dháta fháil sonraisc bhailí, tá sé de dhualgas pionós úis a íoc.

De réir chinneadh S29296 ón rialtas chomh maith leis an bPlean um Théarnamh Náisiúnta agus Clár Tacaíocht EMU/IMF d'Éirinn, tá riail d'íocaíocht pras 15 lá i bhfeidhm ag Comhairle Contae Fhine Gall.

Déantar monatóireacht leanúnach ar leibhéal agus cineál na sonrasc gan íoc le linn na bliana agus feidhmíodh i gcásanna áirithe chun a chinntiú gur chlóigh an Chomhairle le gach spriocdháta íocaíochta.

Le linn 2015 níor thabhaigh an Chomhairle aon pionóis úis agus íocadh 87.54% de gach sonrasc laistigh de thréimhse 15 lá.





REVENUE ACCOUNT STATEMENT

for year ended 31st December 2015

	DRAFT 2015	2014
	€	€
Expenditure		
Housing & Building	35,299,506	34,364,128
Roads Transportation & Safety	21,882,876	22,518,469
Water & Sewerage	19,528,157	24,370,237
Development Incentives & Controls	15,658,350	15,120,871
Environmental Protection	33,999,676	33,733,094
Recreation & Amenity	33,093,236	32,459,319
Agriculture, Education, Health & Safety	1,485,765	2,501,226
Miscellaneous	13,621,197	16,528,499
Total Gross Expenditure	174,568,763	181,595,843
Income		
Housing & Building	42,762,316	36,225,160
Roads Transportation & Safety	7,237,292	8,010,571
Water & Sewerage	21,143,253	27,349,668
Development Incentives & Controls	4,700,527	4,096,940
Environmental Protection	4,071,871	4,036,078
Recreation & Amenity	3,789,548	3,627,172
Agriculture, Education, Health & Safety	688,526	1,451,419
Miscellaneous	3,436,294	6,674,281
Total Income	87,829,627	91,471,289
Net Expenditure	86,739,136	90,124,554
<i>Which is funded by:</i>		
County Rates	120,232,076	119,459,309
Local Property Tax	2,408,452	454,714
Pension Related Deduction	3,013,910	3,244,561
TOTAL	125,654,438	123,158,584
Surplus/(Deficit) for Year before Transfers	38,915,302	33,034,029
Transfers from/(to) Reserves	(38,910,727)	(33,013,721)
	4,575	20,308
Incoming Balance @ 1st January	15,967,583	15,947,275
Closing Balance @ 31st December	15,972,158	15,967,583

CAPITAL ACCOUNT STATEMENT

for year ended 31st December 2015

	DRAFT 2015	2014
	€	€
Expenditure (Net of Internal Transfers)*		
Housing and Building	48,357,869	23,564,654
Road Transportation & Safety	20,571,720	16,501,067
Water Supply & Sewerage	2,253,264	2,170,304
Development Incentives & Controls	35,921,898	5,084,806
Environmental Protection	4,600,677	1,569,778
Recreation & Amenity	2,610,855	7,981,931
Miscellaneous Services	1,051,951	726,791
	115,368,234	57,599,331
Income (Net of Internal Transfers)*		
Housing and Building	52,309,112	26,727,801
Road Transportation & Safety	5,827,271	12,654,320
Water Supply & Sewerage	(942,277)	6,718,839
Development Incentives & Controls	58,433,245	26,561,392
Environmental Protection	6,083,667	24,122,525
Recreation & Amenity	7,140,291	(8,424,430)
Miscellaneous Services	3,685,234	6,182,355
	132,536,543	94,542,802
Surplus/(Deficit) for year	17,168,309	36,943,471
Balance (Debit)/Credit @ 1st January	67,711,365	30,767,894
Balance (Debit)/Credit @ 31 December	84,879,674	67,711,365

*Excludes internal transfers, includes transfers to and from Revenue account



TITHÍOCHT

FORBAIRT/TÓGÁIL TITHÍOCHTA

Bíonn Comhairle Contae Fhine Gall ag obair ar mhaithe le haonaid tithíochta sóisialta a sholáthar de réir mar atá sonraithe sa Stratéis Tithíochta Sóisialta 2020 don tréimhse 2015 – 2017 le leithdháileadh de €81m soláthartha.

Le linn 2015 cuireadh 368 n-aonad tithíocht sóisialta ar fáil faoi Chláir Tithíochta don soláthar díreach, Scéim um Chóiríocht ar Cíos, Léasú Fadtéarmach, Scéim Cúnaimh Caipítíl agus Éadálacha Chuid V agus tabhairt ar ais áitreabh folamh le linn na tréimhse.



Tithíocht Shóisialta arna fháil ag Cúirt Rossan, Baile Átha Cliath in 15

GRÚPA STIÚRTHA MÍCHUMAIS

Tá coiste stiúrtha ilghníomhaireachta ag obair chun Plean Straitéiseach a ullmhú chun Tithíocht a Sholáthar do Dhaoine faoi Mhíchumas. Beidh an Straitéis ina bunchuid de Phlean Soláthair Seirbhíse Tithíochta agus cuirfidh sé chun cinn agus tacóidh le soláthar cóiríochta do dhaoine faoi mhíchumas ag úsáid na modhanna iomchuí soláthair tithíochta go léir atá ar fáil. Chomh maith leis sin, tacóidh an Straitéis le planáil straitéiseach fhadtéarmach.

DEONTAIS MIONATHCHÓIRITHE TITHÍOCHTA

D'fhaomh an Chomhairle 254 dheontas d'oibreacha ar áitribh phríobháideacha le linn 2015. Cuireadh i gcrích 49 mionathrú ar stoc faoi úinéireacht na Comhairle le linn na bliana.

STOC TITHÍOCHTA

Ar Cíos

Amhail an 31 Nollaig 2015 bhí 4587 áitreabh de réadmhaoín shóisialta agus 115 de réadmhaoine fhadtéarmach ag an gComhairle ina stoc tithíochta. B'ionann an t-ioncam ó na háitribh sin agus €14,783,197. Anuas air sin bhí 84 aonad sa bhreise de thithíocht do Thaistealaithe sa stoc agus c.96 Bhá Láithreáin Stad le hIoncam Cíosa de €191,875.

Íasachtaí

Amhail an 31 Nollaig 2015, thuill 1,660 cuntas morgáiste beo íocaíocht de €11,080,854.

BAINISTIÚ EASTÁIT

Caiteachas Ioncaim:

Tabhaíodh €5.3m(2014) de chaiteachas ioncaim chun freastal ar chothabháil ghinearálta Stoc agus eastáit na Comhairle agus tabhaíodh €1.1m (2014) eile de chaiteachas ioncaim i ndáil le cothabháil a dhéanamh ar Chóiríocht do Thaistealaithe.

- Freastalaíodh ar 10,888 iarratas ar chothabháil le linn 2015.
- Tá 4,146 choire mar chuid de Chlár Seirbhíse Coirí na Comhairle.
- Reáchtáladh 10 gCúrsa Ionduchtúcháin do Thionóntaí chun cuidiú le tionóntaí socrú isteach ina dtithe agus ina bpobail.
- Fuarthas 610 líomhain d'Iompraíocht Fhrithshóisialta agus de shárú ar thiomnachaí.
- D'fhreastail foireann Bainistithe Eastáit ar 13 chruinniú de Chumann Áitritheoirí.
- Reáchtáladh 10 gcruinniú leis An Garda Síochana i dáil le saincheistanna Póilíneachta Pobail agus Bainistithe Eastáit.
- Fuarthas seilbh ghlan ar 3 thionacht de bharr iompraíocht fhrithshóisialta.
- Rinneadh oibreacha cothabhála ar 458 n-áitreabh agus baineadh féar (seanóirí agus tionóntaí leochaileacha) faoin gclár bainte féir.
- Tugadh faoi Oibreacha Feabhsúcháin Eastáit i roinnt áiteanna chun dul i ngleic le saincheistanna lánaí agus chun fadhbanna a mhaolú a bhain le áiteanna ina mbíonn dlús ard d'iompraíocht fhrithshóisialta.



Caiteachas Caipitil:

Tabhaíodh €6.4 m ar chlár chothabhála agus ar fheabhsúcháin eile mar atá sonraithe thíos:

- 229 n-áitreabh – Deisiúcháin sular ligeadh amach ar cíos arís iad le maoiniú deontais ó DECLG i ndáil le 139 n-áitreabh dar luach €1,624,635.
- Ba é 14 seachtaine aga folúntais áitribh le linn 2015.
- Suiteáladh teas lárnach agus rinneadh oibreacha uasghrádaithe coirí in 210 áitreabh.
- 983 áitreabh - péinteáil agus oibreacha siúinéireachta faoin gclár cothabhála tréimhsiúil.
- 325 áitreabh – rinneadh athsholáthar ar fhuinneoga agus i gcás go raibh gá leis, ar dhoirse, faoin gClár Athsholáthair Fuinneog agus Doirse.

LEITHDHÁILTÍ

Le linn 2015 bhí Treoir ón Aire i bhfeidhm ag cur dualgais ar Údaráis Áitiúla leithdháileadh a dhéanamh ar 50% de na haonaid a bhí ar fáil d'iarratasóirí gan dídean/leochaileach. Chloígh Comhairle Contae Fhine Gall leis an Treoir seo agus leithdháileadh na haonaid leithdháilte ar iarratasóirí incháilithe ar fud cineálacha éagsúla Tacaíocht Tithíochta Sóisialta.

Leithdháileadh 368 aonad in 2015 ar iarratasóirí a bhí tar éis cur isteach ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta le Comhairle Contae Fhine Gall, mar seo a leanas:

- 113 - Gnáthfholúntas sa Stoc Tithíochta
- 76 - Gnáthfholúntas sa Stoc Tithíochta d'Áitribh Nuacheannaithe
- 41 - An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)
- 35 - RAS in-situ

- 27 - Athnuachana RAS
 - 17 - Léasanna Fadtéarmacha
 - 37 - Deonach Ócáideach
 - 22 - Deonach Neamhdhíolta Inacmhainne
- Chomh maith leis sin, leithdháileadh 14 áitreabh ar dhaoine gan dídean i bhFine Gall a bhí tar éis iarratas a chur isteach faoin Scéim Phíolótach do Réigiún Bhaile Átha Cliath HAP le haghaidh teaghlach gan dídean.

Le linn 2015 áiríodh, dhá uair, líon na ndaoine a bhí ag codladh amuigh faoin aer. Ní bhfuarthas aon duine ag codladh lasmuigh ar an oíche nuair a rinneadh an t-áireamh i mí Aibreáin. Le linn an Gheimhridh, san áireamh a rinneadh an 30 Samhain, 2015 fuarthas ceathrar ag codladh faoin aer agus cuireadh eolas ar fáil faoi bheirt eile ar dearbhaíodh ina dhiaidh sin go raibh sia ag codladh faoin aer. Cuirtear tacaíocht leanúnach do na daoine a chodlaíonn faoi aer trí Fhoireann Fhine Gall um Thacaíocht do Dhaoine Gan Dídean i gcomhar leis an bhfoireann atá ag Focus Ireland agus ag Peter McVerry Trust chun cuidiú leis na daoine sin.

CÓIRÍOCHT DO THAISTEALAITHE

San áireamh bliantúil a rinneadh in 2015 de Theaghlach de Thaistealaithe tháinig sé chun solais go raibh 482 theaghlach de thaistealaithe ag cónaí sa Chontae.

Cuireadh i gcrích Céim 1 d'Athch óiriú Pháirc Mhaighne le linn 2015.

Rinneadh athchóiriú ar 6 aonad Comharthithíochta agus athchóiríodh 7 mbá.

Chomh maith leis sin, chuir Comhairle Contae Fhine Gall 35 aonad cóiríochta ar fáil do Thaistealaithe in 2015.



ACMHAINNÍ DAONNA

Bhí ról tábhachtach ar is gnách ag Roinn Acmhainní Daonna na Comhairle agus í ag obair i gcomhar leis na Stiúrtóireachtaí seirbhíse ar roinnt tionscadal Athstruchtúrtaí Eagraíochtúla a raibh mar aidhm leo éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a choinneáil. Rinneadh iarracht mhaith freisin daoine a earcú faoi Scéim Gníomhachtaithe Fórsa Saothair an Rialtais. Ag deireadh 2015, bhí 20 duine fostaithe ar thionscadail Tairsí éagsúla.

Bhain an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta, don 5ú bliain as a chéile, gradam i nGradaim Náisiúnta Gairme na hEagraíochta um Shábháilteacht in Éirinn. Bronnadh an gradam don Údarás Áitiúil orainn sa chatagóir Gnó freisin agus an gradam don Ardghnóthachtlaí mar aitheantas ar na cleachtais bainistithe sábháilteachta atá againn sa soláthar seirbhíse.

SOLÁTHAR FOIRNE

Bhí 1243 bhall foirne (FTE) fostaithe ag an gComhairle ag deireadh na bliana 31/12/2015 mar atá sonraithe sa tábla thíos:-

Catagóir	Iomlán
Riarachán	466
Gairmiúil	132
Teicniúil	154
Ceardaíocht	67
Oibrithe Ginearálta	424
Iomlán	1243

BAILL FOIRNE AR SCOR

D'imigh 53 bhall foirne ar scor ón gComhairle in 2015.

OILIÚINT FOIRNE

Reáchtáladh 254 chúrsa oiliúna in 2015 as ar eascair soláthar de 2,800 Lá Oiliúna don fhoireann.

Bhain 44 fhostaí leas as an Scéim Oideachais don Fhoireann 2015

CAIDRIMH THIONSCLAÍOCHA

Choinnigh an Chomhairle a dhea-cháil ó thaobh a chaidrimh mhaithe thionsclaíocha.

SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

Cuireadh i gcrích na gníomhaíochtaí seo le linn 2015:

- 300 cigireacht sábháilteachta
- 72 iniúchadh sábháilteachta.

FÓRAM LÍONRAITHE FHINE GALL (*Coiste Comhpháirtíochta Láithreach Oibre Fhine Gall*)

Bhí Fóram Líonra Fhine Gall i mbun na dtionscadal agus na dtionscnamh seo a leanas le linn 2015:

- Searmanas Cuimhneacháin
- Féilire foirne
- Seachtain Sláinte & Sábháilteachta
- Snáitheanna Folláine Corparáidí agu Seiceálacha Sláinte Corparáidí don fhoireann.
- Leagan leasaithe agus nuashonraithe de "Drivers Hand Book".
- Clár Idirbhliana do Chomhairle Contae Fhine Gall.





TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Tá an Roinn Teicneolaíochta Faisnéise freagrach as úsáid straitéiseach na dteicneolaíochtaí faisnéise i gComhairle Contae Fhine Gall chun tacú le réimsí gnó agus iad ag baint amach a gcuspóirí trí fheabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht.

Bítear in ann seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh, don fhoireann agus d'ionadaithe tofa poiblí ar bhealaí éagsúla mar shampla deasc tosaigh, gléasanna móibíleacha dála GIS agus Web 2.0. Is féidir athrú claochlaitheach a bhaint amach a bhuíochas leis na teicneolaíochtaí digiteacha seo i soláthar seirbhísí Chomhairle Contae Fhine Gall..

TIONSCADAIL TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

Cuireadh i gcrích go sásúil na tionscadail seo a leanas in 2015:

PLEAN FORBARTHA

Forbairt agus cur i bhfeidhm na réiteach ionas go mbeifí in ann tabhairt faoi Chéim I agus Céim III de Phlean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 lena n-áirítear –

- Suíomh gréasáin don Phlean Forbartha
- An córas aighneachtaí poiblí
- Léarscáileanna Idirghníomhacha ar Líne den Phlean Forbartha
- Córas Aighneachtaí do Rúin na gComhairleoirí
- Córas chun Anailís a Dhéanamh ar Aighneachtaí Cúloifige

TIONSCADAL AN AITIRAM

Bhí páirt thábhachtach ag an Roinn TF in Atheagrú an Atriam i Halla an Chontae. I measc na réiteach a cuireadh ar fáil bhí siad seo a leanas –

- Suiteáil agus cumrú na scáileadh idirghníomhach, córais bainistithe inneachair, bogearraí agus ábhar kiosk lena n-áirítear balla físe 110", scáileáin 4 x 70", 3 x scáileán le

formáid mhór, 5 x PCanna le scáileáin tadhail agus 2 x gléas táibléid

- Foirmeacha Iarratais Digiteacha
- Réiteach Catalóige Seirbhíse don aonad nua Cúraim Chustaiméirí
- Córas Clárúcháin do Chuariteoirí

I measc na dTionscadal eile a cuireadh i gcrích bhí siad seo a leanas-

- Tairseach Chomhairliúcháin ar Líne
- Córas Bainistíochta Faisnéise Náisiúnta Leabharlann
- Uasghrádú ar Agresso
- Uasghrádú ar an gcóras Iarratais Phleanála
- Córas Bainistithe Cruinnithe
- Grapevine – córas comhoibrithe inmheánach na foirne
- Athsholáthar ar an gCóras Bainistithe Flít
- Síneadh curtha le Mapalserter le go n-áireodh sé feidhmeanna eile
- Digitiú ar thailte faoi úinéireacht na Comhairle.

TIONSCNAIMH CHOMHROINNTE

Lean an Chomhairle ag glacadh páirt ghníomhach sa tionscadal nuálaíoch sonraí-thiomáinte réigiúnach Dublinked. Chuir Dublinked lena fhócas ar chuspóirí na Forbartha Eacnamaíochta do Réigiún Bhaile Átha Cliath agus chomh maith leis sin ghlac sé páirt sa tionscnamh do Bhaile Átha Cliath cliste.

Chomh maith leis sin déanann Comhairle Contae Fhine Gall ionadaíocht ar earnáil an Rialtais Áitiúil ar Ghrúpaí Oibre na bhForas Náisiúnta Poiblí maidir le Sonraí Oscailte.

OIBRÍOCHTAÍ IT

Cothaithe agus thacaigh an Roinn le bonneagar teicneolaíochta faisnéise do Chomhairle Contae Fhine Gall le linn na bliana lena n-áirítear an líonra, bonneagar na bhfreastalaithe, córais ghnó agus gléasanna ríomhaireachta.





DLÍ

Cuireann an Roinn Dlí seirbhís chuimsitheach dlí ar fáil do Chomhairle agus don Phríomhfheidheammach agus do na Ranna éagsúla sa Chomhairle i ndáil le raon leathan feidhmeanna reachtúla.

I measc na seirbhísí sin tá:-

- Comhairle a sholáthar agus comhairliúchán a reáchtáil le ranna na Comhairle i ndáil leis an gcreat rialála a bhfuil na húdaráis áitiúla faoina réir
- Imeachtaí sa Chúirt Dúiche ar bhonn seachtainiúil i ndáil le forfheidhmiú
- Seirbhísí dlíthíochta i ndáil le dlí conarthaí agus soláthair, díospóidí faoi thalamh, bailiú fiachais lena n-áirítear rátaí a bhailiú, breithiúnais agus morgáistí breithiúnais, urghairí lena n-áirítear urghairí reachtúla, éilimh ar dhliteanas poiblí agus dliteanas fostóirí, aisghabháil tithíochta mar gheall ar neamhóc cíosa/morgáiste agus iompraíocht fhrithshóisialta, dlíthíocht faoi dhíobháil phearsanta agus foghail
- Tíolacadh agus seirbhísí bainistithe réadmhaoine ag déileáil le diúscairt áitreabh na Comhairle, lena n-áirítear clubanna agus ionaid phobail, comhaontuithe/ceadúnais, léasanna tráchtála de láithreáin thionsclaíocha na Comhairle, spásanna oscailte a thiomnú, céadchlárúcháin, iasachtaí agus morgáistí, scéimeanna díolacháin le tionontaí, scéimeanna tithíochta deonaí
- Oiliúint a sholáthar do Ranna na Comhairle
- Athbhreithniú Breithiúnach
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Comhairle ag arbatráiste agus ag éisteachtaí ó bhéal.

D'fhonn seirbhísí dlí a sholáthar is gá cumarsáid rialta a bheith ann le heagraíochtaí seachtracha, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna, an tÚdarás Clárúcháin Maoine, Ranna Rialtais, agus baill de ghairm an dlí agus sainchomhairleoirí eile. Go himmheánach, bíonn an fhoireann ag plé le ranna na gcliant, bíodh sin ar bhonn

aonair nó mar fhoirne, chun cuidiú le soláthar seirbhíse atá cuimsitheach, agus chun a chinntiú go ndéantar rioscaí dlí a íoslaghdú

Leanadh in 2015 le hathbhreithniú agus uasghrádú an chórais bainistithe cásanna atá ag an roinn, atá ina áis éifeachtach do sholáthar seirbhísí dlí.

In 2015 leanadh ag soláthar oiliúna don fhoireann a d'fhreastail ar raon leathan cúrsaí, i réimsí na forbartha gairmiúla, an eolais dlí agus na Teicneolaíochta Faisnéise.





LEABHARLANNA

RANNÁN NA LEABHARLANN

Tá díreach faoi bhun 68% den daonra ina mbaill chláraithe de leabharlanna Poiblí Fhine Gall agus is ag na leabharlanna seo atá an ráta is airde de bhallaíochta leabharlainne sa tír. In 2015, thug baill 1.13 milliún cuairt ar ár leabharlanna agus thóg breis is 1 mhilliún mír ar iasacht. Cuireann 10 gcrabhleabharlann Fhine Gall seirbhís ar fáil 6 lá tseachtain, agus iad ar oscailt 45 uair an chloig, ar an meán, agus is é sin an ráta is airde sa tír freisin. I gcomhar leis na craobleabharlainne eile, cuireann ár rannóg um Staidéir Áitiúla agus Cartlanna raon leathan seirbhíse ar fáil, ag tabhairt do dhaoine foghlaim faoi phobail ilchineálacha Fhine Gall.

SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA

Spreagann ár seirbhísí digiteacha spéis agus spreag siad méadú de 57% sa spéis a léiríodh ó tugadh iad isteach sa bhliain 2014. Bhí breis is 59,000 idirbheart ann in 2015 agus úsáideoirí ag rochtain ríomhleabhar, ríomhírisí, ríomh-nuachtán agus áiseanna eile ar líne.

CLIR CHULTÚRTHA AGUS OIDEACHAIS

Reáchtáladh na céadta imeachtaí in 2015 i Leabharlanna mar chuid de chlár cultúrtha agus oideachais an Rannáin. I measc bhuaicphointí na bliana bhí siad seo:

- 'Once Upon a Place on the Fingal Express' – tionscnamh a bhain le 300 leanbh agus grúpa scéalaithe a thabhairt ar thuras draíochta traenach ar fud Fhine Gall.



- Tionscnamh um Scríbhneoireacht Chruthaitheach Chapall Dhún Sinche agus taispeántas a chuidigh le teaghlaigh a mbíonn baint acu le Club Capall Dhún Sinche páirt a

ghlacadh i bpróiseas na Scríbhneoireachta Cruthaithe.

- 'Battle of the Book 2015', a cuireadh ar ghearrliosta Ghradam Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil de chuid Chambers don 'Seirbhís Leabharlann is Fearr' in 2015 atá ar fáil anois i gcúig Scoile i bhFhine Gall.
- The Big Sports Quiz – tionscnamh comhoibritheach idir Rannán na Leabharlann agus an Oifig Spóirt



- Chun ceiliúradh a dhéanamh ar 'One City Once Book' -The Barrytown trilogy 2015, atá ina tionscnamh comhoibritheach bliantúil idir Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath, d'fhostaigh Fhine Gall an scríbhneoir amhrán agus léiritheoir Pete Holidaí chun sraith cainteanna a sholáthar faoi fhorbairt thionscal an cheoil thraidisiúnta sna '80í agus '90í agus chuir Garry O'Neill taispeántas grianghrafadóireachta ar fáil chun ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr óige Bhaile Átha Cliath agus an stíl sráide ó na 1950í go dtí na 1990í.

Le linn 2015, lean foireann na leabharlainne ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm na 10 ngníomh lárnacha as Straitéis Litearthachta Luathbhlianta Leabharlanna Contae Fhine Gall: Ón Aois is Lú, Léitheoireacht Abú. Seoladh bileoga le noda do thuismitheoirí agus cúramóirí agus físeán ag gabháil leo.

Seoladh an taispeántas 'One Race - Human Race' ag Leabharlann Bhaile Bhlainséir, mar ar glacadh le haighneachtaí sa chomórtas Show Racism the Red Card agus bhí aighneachtaí ó Scoil Pobail Bhaile an Bhlácaigh agus Scoil Educate Together Castaheany i mBaile Átha Cliath 15 ar taispeáint.



COMÓRADH CÉAD BLIAIN 2016

Seoladh Sraith Léachaí Comórtha Céad Bliai 2016 Fhine Gall “Revolution in Context” an 9 Meán Fómhair i Leabharlann Mhullach Íde mar chúlra do Chlár Comórtha Céad Bliain Fhine Gall 2016, agus rinneadh iniúchadh ar an ról ar leith a bhí ag fir agus mná Fhine Gall sa troid ar son na saoire. Daoine éagsúla ón lucht acadúil agus staraithe a thug na léachtaí agus leanfar den tsraith in 2016. Spreag Clár an Chomórtha Céad Bliain spás i stair teaghlaigh agus cuireadh chun cinn clár de Chúrsaí Ginealais, a raibh tinreamh iomlán ag freastal orthu i Leabharlann Shoird gus Bhaile Brigín.

Reáchtáladh Dhá Lá Earraí Cuimhneacháin in 2015, an chéad cheann san Óstán an Grand, Mullach Íde, agus an dara ceann san Atriam sna hOifigí i mBaile Bhlainséir. Daoine a raibh gaolta leo páirteach i 1916, thug siad leo litreacha, grianghraif agus dialanna agus roinnt siad scéala maidir le crógacht, tragóid agus grá. Rinneadh scanadh digiteach ar na míreanna agus fágfaidh siad oidhreacht ina ndiaidh de ról Fhine Gall sa troid ar son na saoire agus é sin i bhfoirm cartlainne ar líne.

EUROPE DIRECT

Tá an tlonad Europe Direct i Leabharlann Bhaile Bhlainséir fós ina nasc áitiúil tábhachtach leis an Eoraip do shaoránaigh Fhine Gall agus ina fhóram don plé ar shaincheisteanna Eorpacha Rinneadh óstáil san Ionad ar imeachtaí le téama Eorpach le linn 201, agus mar bhuaicphointe reáchtáladh aonacht Oideachais agus Fostaíochta. Bhí breis is 20 taispeántóir i láthair, lena n-áirítear Eurodesk, Europass, UCD agus Comhpháirtíocht Limistéir Bhaile Bhlainséir agus d’fhreastail breis is 900 duine ar an ócáid

SEIRBHÍS GNÓ, FIONTAIR AGUS FOSTAÍOCHTA (BEE)

Osclaíodh Ionad nua Gnó, Fiontair agus Fostaíochta go hoifigiúil ag Leabharlann Fhine Gall an 14 Meán Fómhair 2015. Is áis tacaíocht an tlonad do chuardaitheoirí poist, d’fhiontraithe agus d’aon duine ar mhaith leo gnó a fhás i

bhFine Gall, ag soláthar rochtana ar eolas clóite, ar bhunachair sonraí ar líne, ar dheasc agus ar spásanna cruinnithe, ar ríomhairí agus clódóireacht, saor an aisce. Chomh maith le hlonad Europe Direct agus i gcomhpháirt le hOifig Fiontair Áitiúil na Comhairle, cuireadh tús le clár líonraithe agus imeachtaí faisnéise agus leanfar díobhsan in 2016.

CÓRAS NUA BAINSTITHE LEABHARLAINNE

Seoladh beo Córas Nua Bainstithe Leabharlainne sna 4 údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara agus Loch Garman i mí an Mheithimh 2015. Rinne LGMA comhordú air agus rinne Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath bainistiú orthu, agus is léiriú é seo ar chéim uailmhianach agus shuntasach i dtreo chruthú córais aonair amháin leabharlann náisiúnta a bhfuil rochtain uilíocht air.

In 2015 cuireadh feabhas ar an tseirbhís féinseirbhíse ar fud na gcraobhleabharlann trí shaoráid mhóibíleach priontála/cóipeála/scanacháin trí Surfbox™.

IONAD CATHARTHA AGUS CULTÚRTHA SHOIRD

Ag baint leas as an taiseach nua chomhairliúcháin ar líne, reáchtáil an Rannán Leabharlann suirbhé i mí Mheán Fómhair 2015 maidir leis an Ionad beartaithe Cathartha agus Cultúrtha i Sord, a áireoidh leabharlann, spásanna taispeántais agus áiteanna do thaibhiú. Fuarthas breis is 650 freagra a chuideoidh bonn eolais a sholáthar don dearadh.

STADÉIR ÁITIÚLA AGUS CARTLANNA

Seachas saoráidí a sholáthar don phobal ar bhonn laethúil, bhí páirt nach beag ag Cartlanna agus Staidéir Áitiúla Fhine Gall in ullmhú an Chláir Comórtha 2016. Reáchtáladh a lán cainteanna ar fhreastail lear mór daoine orthu chun caint faoi shaoirse na hÉireann agus is i dTeach Chluain Meala a reáchtáladh iad. Rinne an fhoireann taighde fairsing do Thionscadal Staire ó Bhéal, agus cuireadh pacáiste acmhainne ar fáil agus mórthaispeántas maidir leis an Éirí Amach. Sheol



an fhoireann a ceathrú heagrán den iris faoin stair áitiúil, , 'Fingal Studies: Letters from the trenches.' Le linn 2015, the leanadh ag foinsiú agus ag fáil ábhair ábhartha agus chuidigh sé sin éascú a dhéanamh ar an taighde áitiúil.

SEIRBHÍS MHÓIBÍLEACH LEABHARLANN AGUS DO DHAOINE ATÁ GAFA SA TEACH

Tá 4 veain a théann mórthimpeall an Chontae ag freastal ar scoileanna, ar thithe cónaithe agus ar láithreáin taistealaithe. Ó am go chéile bíonn na veaineanna sin ina mbusanna scéalaíochta do leanaí ó chreiseanna pobail agus tagann siad ar bord chun scéal a chloisteáil. Téann an veain do dhaoine atá gafa sa teacht ar cuairt chuig tithe altranais agus chuig aonaid cúraim pobail.



OIBRÍOCHTAÍ

Tá an Roinn Oibríochtaí freagrach as cothabháil ghinearálta na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla, na bpáirceanna agus na spásanna oscailte poiblí chomh maith le tírdhreachú, cothabháil crann agus bailiú bruscair i ngach limistéar poiblí i bhFine Gall. Áiríonn sé seo freisin freagrach as trána, cuanta agus fónais phoiblí.



IOMPAR

Cuireann an roinn seo raon leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear feabhsú, cothabháil agus soilsiú na mbóithre, cur i bhfeidhm na mbeart bainistithe tráchta agus feidhmiú sheirbhís na Sábháilteachta Bóithre, agus seirbhís maor scoile. Tá an Roinn seo freagrach freisin as tógáil i gcúram sealadach ar bhóithre nua agus ar dhúnadh buan bóithre, as fodhlíthe a dhéanamh a bhaineann le bóithre agus le limistéir bhainteacha (e.g. luasteorainneacha, spásanna páirceála etc.)

TRÁCHT

Déileáiltear le raon leathan saincheisteanna rialaithe tráchta, pleanála tráchta agus bainistithe tráchta:

- Bainistiú ar an Éileamh ar Thaisteal.
- Soláthar agus cothabháil na gcomharthaí tráchta

- Comharthaíocht agus marcáil bóithre ar an líonra bóithre.
- Feabhas a chur ar shiúlbealaí agus ar líonraí rothar.
- Éascú agus feabhsú a dhéanamh ar an líonra bus i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA)
- Sábháilte ar bhóithre a chur chun cinn

Gnéithe Tráchta in 2015	lomlán	(Cianchó@as Monatóireachta RMS)
Soilse Tráchta ag Gabhail	102	(97 on RMS)
Soilse do Choisithe	94	(91 on RMS)
Trasrianta Toucan	43	(42 on RMS)
Athchóiriú ar chomharthaí LED	2 Blanchardstown Rd South south of Blakestown Way. Dublin St Swords	
Comharthaí Rabhaidh Scoile	48	
Trasrianta Síogacha	22	
Geataí Bus	1	
Léitheoirí comharthaí ngníomhaíochtú feithiclí	Luais/arna ag	40

TIONSCADAIL UM IOMPAR INBHUANAITHE

In 2015 cuireadh chun cinn na tionscadail seo a leanas:

- Oibreacha chun feabhas a chur ar inrochtaineacht an líonra cosán i Mullach Íde agus cóngarach do Scoil Náisiúnta Chois Bá.
- Leanadh den obair deartha le linn 2015 chun scéimeanna iompair inbhuanaithe a fhorbairt lena n-áirítear rotharbhealach ó Shord go Cill Fhionntain agus Glasbhealach féach na Cánalach Ríoga (Caisleán Cnucha go Maigh Nuad).
- Cuireadh chun cinn roinnt scéimeanna éagsúla sábháilteachta tri úsáid a bháine as comharthaíocht atá gníomhachtaithe ag feithiclí.



- Suiteáladh 2 léitheoir luais.
- Ag Baile Hae, An Rois, cuireadh i gcrích cosán nascachta agus cóiríocht.
- Rinneadh oibreacha leasúcháin ar rampaí ceansaithe tráchta in áiteanna éagsúla ar fud an chontae.
- Cuireadh ceansú tráchta nua ar fáil ag Lána na Gráige i mBaile Brigín, ag an Royal Oak i Seantrabh, ag mBailtíní Bhaile na Mara i Sord, ag an tSráid Ard i Lusca agus ag Ascaill Thuirbhe i nDomhnach Bat.
- Bronnadh conradh do shuiteáil trasrianta Coisithe/Toucan agus cuireadh tús leis an obair le linn 2015 ag na háiteanna seo a leanas:
 - An Meal i Mullach Íde, Bóthar Radharc an Mhuilinn chun cosáin a nascadh le chéile
 - Sráid na Mainistreach i mBinn Éadair in aice le Bóthar an Chuain, Bóthar na Gráige i mBaile rigín in ais leis an scoile agus Castlelands
 - Bóthar Bhaile an Phoirtéaraigh. In aice le CLG
 - Bóthar Somerton, ag Barnwell in Ongar.
- Cuireadh trasrian do choisithe isteach ag Páirc Chaitríona, R121 i gcomhar leis an uasghrádú a bhí ar siúl ar an mbóthar agus an cosán ag Páirc Rokeby.
- Tógadh bá eangaithe bus ag Bóthar an Inbhir i Mullach Íde.
- Moladh córas aontreo ar an Lána Garbh agus Bóthar Somerton agus cuireadh an togra sin ar taispeáint go poiblí le linn 2015. Tar éis comhairliúchán ina leith le háititheoirí/Gardaí agus tar éis aighneachtaí a fháil tarraingíodh siar an scéim bheartaithe.

LUASTEORAINNEACHA

Rith an Chomhairle fodhlíthe nua do bhóithre áitiúla agus réigiúnacha i bhFine Gall le linn 2015. Sholáthraigh siadsan do luasteorainneacha píolótacha de 30kph. Ritheadh fodhlíthe leh aghaidh na comharthaíochta do luasteorainneacha le haghaidh 2015.

BAINISTIÚ FLÍT AGUS TREALAMH AR CÍOS

Rinne an Rannóg um Bainistiú Flít agus Trealamh ar Cíos (FMPH) bainistiú ar an bhflít faoi úinéireacht na comhairle de 366 fheithicil agus 230 phíosa trealamh in 2015. Mar chuid den athnuachan flít, rinneadh athnuachan ar 65 fheithicil agus píosa trealamh in 2015. Rinneadh próiseáil ar 500 iarratas ar threalamh ar cíos trí chonradh, mionchomórtas agus trealamh fánach ar cíos in 2015.

SOISIÚ SRÁIDE

In 2015, rinneadh cothabháil ar stoc na comhairle de 31,000 solas agus eisíodh 7,533 iarratas ar jabanna deisiúcháin; 5,134 ó ghnáthchigireachtaí agus 2,399 ag eascairt as glaonna a fuarthas ón gConraitheoirí Soilsithe. Mar chuid den chlár um athsholáthar chrainn soilse a bhí ag deireadh a ré, suiteáladh 250 crann nua in 2015.

SÁBHAITEACTH AR BHÓITHRE (MAOIR SCOILE AGUS GINEARÁLTA)

Ba é 123 an líon iomlán de Mhaoir Scoile a bhí fostaithe in 2015.





Leanadh ag cur chun cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre sa Chontae in 2015 ar na bealaí seo a leanas:

- Táirgeadh ábhair faisnéise/feachtais, bileoga eolais, creasa muinchille, rialóirí agus pinn luaidhe le teachtaireacht sábháilteachta scríofa orthu
- Cúrsa oiliúna do rothaithe
- Cainteanna oideachais i scoileanna
- Cúrsa oiliúna do mhaoir scoile sóisearacha
- Seachtain maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre
- Seó maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre san Óstán Crowne Plaza do mhic léinn na hidirbhliana
- Cur chun cinn ar bhealaí sábháilte chun na scoile agus bus ag siúl ar bhonn idirghníomhaireachta
- Maidineacha Bike for your Breakfast i scoileanna
- Imeachtaí rothaíochta le linn na seachtaine rothaíochta
- Rothaigh ar scoil

COTHABHÁIL BÓITHRE

I bhFine Gall tá 65km de Bhóithre Náisiúnta lena n-áirítear Mótarbhealaí, 264km de Bhóithre Réigiúnacha agus 1011km de Bhóithre Áitiúla.

Tá dhá iosta ann ag Baile Brigín, Sord agus Cúil Mhín. Cuireadh i gcrích Oibreacha Fairsinge in 2015 a chuimsigh athdhromchlú, cóireáil dromchla, daingniú bóithre, draenáil agus oibreacha faoisimh tuilte agus deisiúcháin ghinearálta chothabhála ar bhóithre an chontae.

Rinneadh athnuachan agus deisiú ar chosáin le linn 2015.

Ba é 26.7 km an méid de Bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a ndearnadh feabhsú agus cothabháil air faoin gClár athshlánaithe bliantúil.

RIARACHÁN

D'fhreastail an Rannán Riaracháin freastal ar Chruinnithe Coiste Limistéir agus dhéileáil leo seo:

2015	2013	2014	2015
Cead Slí/ Cumarsáid, Oscailt Bóithre Ceadúnais	624	418	439
Dúnadh Sealadach Bóithre	29	39	19
Teastais do Thógáil i gCúram	986	717	532
Ceadanna maidir le hUalaí Mínormála	405	380	350

TRÁNNA & UISCE SNÁMHA

Déantar cothabháil ar 88 gciliméadar de chóas lena n-áirítear 10 dtrá ainmnithe ag Baile Brigí, na Sceirí Theas, Loch Sionnaigh, an Ros Theas, Port Reachrann, Domhnach Bat, Mullach Íde, Port Mearnóg, Cill Fhionntain (Bóthar an Choinicéir) agus Claremont, Binn Éadair. Bhí 37 garda tarrthála fostaithe ó mhí an Mheithimh go dtí deireadh mhí Lúnasa 2015. Rinneadh monatóireacht ar shamplaí de sháile chun a chinntiú go rabhthas ag cloí leis na ceanglais a bhaineann le Cáilíocht Uisce Snámha.





CUANTA & PIARAÍ

Rinneadh bainistiú agus cothabháil ar roinnt cuanta agus piaraí ag Baile Brigín, na Sceirí, an Ros, Loch Sionnaigh agus Fánán Mhullach Íde.



REILIGÍ

Tá 36 Reilig a ndéanann Comhairle Contae Fhine Gall iad a rith agus a chothabháil.

FÓNTAIS PHOIBLÍ

Cothabháil ar 14 fhóntas poiblí – 7 ar oscailt an bhliain go léir agus 7 ar oscailt i rith an tsamhraidh.

PÁIRCEANNA

Bainistiú agus cothabháil orthu seo a leanas:

- c. 5,000 acra (2000 Ha.) de spás oscailte lena n-áirítear páirceanna Réigiúnacha agus comharsanachta i bhFine Gall.
- c. 900 ceapach talún ar láithreáin i mBaile Bhainséir, Domhnach Bat agus Baile Brigín.
- 39 gclós súgartha
- 170 páirc imeartha le haghaidh raon de chluichí spóirt foirne
- 8 saoráid páirceanna imeartha uile-aimseartha i mBaile Brigín, na Sceirí, Gleann na hAbhann, Páirc Bhaile Hae, Mullach Eadrad, An Chor Dhubh, agus Mullach Íde.
- Tailte cruicéid i nDiméin Mhullach Íde, Páirc an Bhaile, Baile Brigín, Baile an Phoirtéaraigh, agus Béal Átha Liag
- Rian féir lúthchleasaíochta ag Páirc Bhaile an Phoirtéaraigh.

- 12 Limistéar Ilúsáide Cluichí (MUGA) ar fud an Chontae.
- 2 pháirc scátála ag Baile Anraí, Bord agus Páirc na Mílaoise, Baile Bhainséir.
- Cúirteanna poiblí leadóige i Mullach Íde, ag an Tobar Naofa, Sord, Baile an Ridire, na Sceirí, Lusca, Coill na hAbhann agus Baile an Chairpintéaraigh.
- Tá faiche babhlála arna riar ag Club Babhlála na Sceirí i bhfeidhm i bPáirc an Bhaile, na Sceirí.
- 2 ghalfchúrsa phoiblí ag an gCorrbhaile, Domhnach Bat agus ag Elmgreen, Baile Átha Cliath 15, Galfchúrsa Dhá Mhaide agus Par 3 ag Diméin Mhullach Íde.
- Trealamh gleacaíochta do dhaoine fásta ag 14 shuíomh.



Chomh maith leis sin, bhí an Roinn Oibríochtaí gníomhach le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann agus Lá Náisiúnta na gCrann agus chuir áiteanna ar fáil ag a bhféadfaí crainn Nollag a fhágáil le go ndéanfaí athchúrsáil orthu.

MÓRIMEACHTAÍ

Rinneadh éascú ar raon leathan imeachtaí le linn 2015, lena n-áirítear:

- Mórshiúl Lá le Pádraig
- IronMan 70.3
- Siúlóid Bhliantúil Pieta House
- Flavours of Fingal
- RAS sna Sceirí
- Aquathon Bhinn Éaair



- Féile Chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath
- Cluiche Cruicéid Éire v Sasana
- Cluichí Cáilitheacha do Chorna Domhanda T20
- Féile Mhullach Íde
- Summerfest Bhaile Brigín
- Féile Uisce na Sceirí
- Féile an Rois
- Comórtais Trastíre Náisiúnta i Seantrabh
- Comórtas Trastíre Scoile Náisiúnta i Seantrabh
- Fun Fest – Baile Átha Cliath 15 Laethanta Spraoi do Theaghlaigh, Páirc na Mílaoise
- Rinc Scátála ar Oighear, Páirc na Mílaoise





PLEANÁIL & BONNEAGAR STRAITÉISEACH

BAINISTIÚ FORBARTHA LENA N-ÁIRÍTEAR CLÁRLANN, BANNAÍ & RANNÍOCAÍOCHTAÍ

IARRATAIS PHLEANÁLA

